NGI.2014.87	DAME LAURA KNIGHT <i>Youth and Age</i>
NGI.2014.108	EALAÍONTÓIR ANAITHNID <i>Plan of the Church of the Holy Sepulchre</i>
NGI.2014.109	EALAÍONTÓIR ANAITHNID <i>Veue Exterieure du Sepulchre de Notre Seigneur; Veue Interieure ou Coupe du Sepulchre de Notre Seigneur</i>
NGI.2014.111	EALAÍONTÓIR ANAITHNID <i>Palestine: Eglise du St Sepulchre à Jerusalem</i>
NGI.2014.116	PHILIP SIMMS <i>Plan of the City of Jerusalem</i>
NGI.2014.117	CORNELIS DE BRUIJN <i>City of Jerusalem from East</i>
NGI. 2014.22	CLAUDE LORRAIN <i>Coast Scene with Europa and the Bull</i>
NGI. 2014.34	LICIEN METIVET <i>Rayons X</i>
NGI. 2014.41	EALAÍONTÓIR ANAITHNID <i>Satirical Religious Print</i>
NGI. 2014.63	V.C GEORGE J. STODART <i>Cabul, 1879, Lieutenant W.R.P. Hamilton</i>
NGI. 2014.65	JOHN KIRKWOOD <i>Thomas Moore</i>
NGI. 2014.69	ARTHUR HOPKINS <i>A Soudan Mirage on Christmas</i>
NGI. 2014.104	EALAÍONTÓIR ANAITHNID, ÉIRE <i>Map of Syria</i>
NGI. 2014.124	JOSEPH CLAYTON BENTLEY <i>Enclosure of the Temple, Jerusalem</i>
NGI.2015.25	KYFFIN WILLIAMS <i>Farmer Sheltering</i>
NGI.2011.7	FRANK BRANGWYN <i>Old Houses, St Cirq</i>
NGI.2014.11	CHARLES ALFRED MILLS <i>A Funeral Procession</i>
NGI.2015.3	PALM SKERRETT <i>Emigrants</i>
NGI.2015.19	NICK MILLER <i>Dónal Lunny, Playing (Study III)</i>

Taispeántas JMW Turner

Ullmhúchán d'uiscedhathanna don taispeántas bliantúil

Iasachtaí a ullmhaíodh

IASACHTAÍ AG DUL AMACH Ó GHAILEARAÍ NÁSIÚNTA NA HÉIREANN

Díphacáil, seiceáil reachta, ullmhúchán den doiciméadacht.

IASACHTAÍ AG TEACHT ISTEACH GO DTÍ GHAILEARAÍ NÁSIÚNTA NA HÉIREANN

Duais Portráide Hennessy

SEICEÁIL REACHTA DE GHRIANGHRAIF

2015.9	GERRY BLAKE <i>Carmel from 'The Grey and the Green'</i>
2015.81	SIMON BURCH <i>Ruby Walsh</i>
2015.107	MANDY O'NEILL <i>Jody from the series 'Promise'</i>

Duais Portráide Hennessy

DÍPHACÁIL, SEICEÁIL REACHTA AGUS TUARASCÁIL

TD.2016.54	PAUL JAMES KEARNEY <i>Tom, Bath, Towel</i>
TD.2016.188	VERA RYKLOVA <i>Untitled #5001, from series 'Aesthetic Distance'</i>
TD.2016.203	KIM HAUGHTON <i>Gabriel Byrne</i>
TD.2016.302	REGINA CARBAYO <i>Three Generations</i>

Leabharlann, Cartlanna & Suíomh Gréasáin Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann



In 2016, thug os cionn 3,000 duine cuairt ar an leabharlann agus na seomraí léitheoireachta cartlainne. Phléigh na baill foirne le tuairim is 500 fiosrúchán agus tháinig méadú suntasach ar líon na gguardach ar na hacmhainní ar líne, agus is ionann líon na seisiún a taifeadadh agus 5,000.



↑ Sir Denis Mahon, Grianghraf le caoinchead Prudence Cuming Associates Ltd.

Le linn na bliana, cuireadh 3,167 teideal nua le bailiúcháin na leabharlainne agus rinneadh iad a chatalógú, chomh maith le roinnt bailiúchán cartlainne. Fuair an Leabharlann bailiúchán tábhachtach freisin de litir agus cuimhneacháin phearsanta ar le William Orpen iad do Lárionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann. Leanadh ar aghaidh le comhoibriú agus compháirtíochtaí agus cuireadh ar fáil roinnt deiseanna do bhaill foirne chun bealaí nua a thógáil maidir leis na seirbhísí bailiúcháin agus taighde.

Leabharlann Ealaíne

I mí na Nollag 2015, dúnadh an príomhsheomra léitheoireachta, lonnaithe san íoslach de Uimh. 88 agus 89 Cearnóg Mhuirfean. Bhí sé seo mar gheall ar dhamáiste de bharr tuile sa chonair tolláin sna tithe Seoirseacha ar Chearnóg Mhuirfean ina bhfuil an leabharlann suite agus a nascann leis na príomhsciatháin stáiriúla den Ghailearaí. Tá na cruacha leabharlainne, an stór leabharlainne is mó ina bhfuil os cion 100,000 imleabhar suite sa spás seo, agus is tríd an tollán a mbíonn rochtain ag an bpobal ar sheomra léitheoireachta na leabharlainne. Tá Oifig na nOibreacha Poiblí ag obair ar chóras uathoibríoch cadéil umair fadtéarmach, atáthar ag súil go réiteofar an tsaincheist seo. Ar an drochuair, mar thoradh ar na saincheisteanna leanúnacha seo, bhí an seomra léitheoireachta dúnta don phobal don chuid is mó de 2016, agus tháinig laghdú dá bharr ar líon na gcuairteoirí. Nuair is féidir, éascaíodh na taighdeoirí sa Lárionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann.

The H.W. Wilson Foundation has generously provided support for the development of a Library & Archives Fellowship programme at the Gallery. This fellowship is an opportunity for recent graduates of librarianship, archival and museum studies to receive training and guidance in the unique setting of a national cultural institution. Working as part of the library and archive team the fellow will receive a comprehensive overview of the unique roles of staff in museum libraries and archives and training in the range of skills required to manage the diverse collections held by the NGI in this area. Niamh Keaveney was appointed the inaugural H.W. Wilson Foundation Fellow in May.

For-Rochtaine & Abhcóideacht

I measc na mbuaicphointí de 2016 bhí:

- Seachtain Oidhreachta:** Chuir an Gailearaí ‘100 years of Irish Art’ agus ‘100 years on Merrion Square’ i láthair, ag teacht leis an téama 2016 do Sheachtain na hOidhreachta 2016 (20–27 Lúnasa). Chun cur leis an tsraith léachtaí maidir le hEalaín na hÉireann le linn na seachtaine, bhí feachtas ar na meáin shóisialta, arna eagrú ag an Dochtúir Katherine Milligan agus Catherine Ryan, lenar leagadh béim ar na príomhfhorbairt in Ealaín na hÉireann le céad bliain anuas. Cuireadh i láthair na buaicphointí ó chartlann Lárionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann don phobal in Uimh. 5 ag lá oscailte (27 Lúnasa) eagraithe ag an ionad i gcompháirtíochtaí le Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann. Chuir foireann na Leabharlainne ‘100 years on Merrion square’ i láthair, lenar tugadh mionsonraí ar

stair Uimh. 90 Cearnóg Mhuirfean, turais de Sheomra Léitheoireachta Sir Denis Mahon agus buaicphointí óna bhailiúchán ar thaispeáint chomh maith le hábhar ón gCartlann Institiúideach (25 Lúnasa).

- Féach ar do Chartlann:** I dtionscnamh nua a bhfuil tóir air, reáctáil an Leabharlann agus na cartlanna lá oscailte sa CSIA BSL agus sa Seomra Léitheoireachta Sir Denis Mahon an 24 Samhain mar chuid den fheachtas idirnáisiúnta Féach ar do Chartlann.

Compháirtíocht & Comhoibriú Nua

- Grúpa Stiúrtha Catalógaithe agus Digitithe Chomhairle na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta: Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Catalógaithe agus Digitithe an CNCI i mí Dheireadh Fómhair. Bunaíodh an grúpa chun fainseás, eolas agus saineolas a roinnt maidir le digitú na mbailiúchán Náisiúnta chomh maith le comhairle a thabhairt ar na hacmhainní a bhfuil riachtanach don NCI d'fhonn a obair a dhéanamh. Comhthoghadh Andrea Lydon agus Leah Benson ar an ngrúpa seo.
- Bunaíodh socrú nua leis an MA i gCartlanna Stáiriúla ag Ollscoil Mhaigh Nuad. Beidh Cartlanna an Ghailearaí ag cur socrúchán oibre do mhic léinn ar fáil lá amháin in aghaidh na seachtaine ar feadh 8 mí ar bhonn bliantúil.
- Seachtain Leabharlainne na hÉireann Cuireadh leis an bhfeachtas ar na meáin shóisialta do sheachtain Leabharlainne na hÉireann, lenar cuireadh béim ar shraith na n-acmhainní ar líne de chuid an leabharlann ealaíne, lena n-áirítear acmhainní tábhachtacha ar nós Art Index Retrospective, International Journal of Education through Art, Oxford Dictionary of National Biography agus Dictionary of Irish Biography.

Leabharlann & Cartlann Sir Denis Mahon

Tá an Gailearaí buíoch as an tacaíocht leanúnach a thugann an tlontaobhas Sir Denis Mahon, lena dtacaítéar leis an mbailiúchán seo a phróiseáil. I mí Mheán Fómhair, sroicheadh an phointe leath bhealaigh den tionscadal catalógaithe agus próiseáladh. Tá dul chun cinn leanúnach á dhéanamh ar phróiseáil de na páipéisír acadúla Mahon. Cuireadh i gcrích glantachán, dímhíotalú agus caomhnú na gcartlann acadúil lena n-áirítear grianghraif, albaim, saothair ealaíne, agus earraí táthaithe.

Faoi dheireadh na bliana, bhí os cionn 3,000 leabhar ó bhailiúchán leabharlainne Mahon ar fáil do léitheoirí. I measc na n-ábhar a ndearnadh catalógú iomlán orthu bhí láimhseáil gheografach agus stáiriúil de na healaíona san Eoraip, sa Bhreatain, in Éirinn, sa Ghéarmáin agus san Fhrainc; chomh maith le láimhseáil d'elaíontóirí aonair ón mBreatain, Éire, ón nGearmáin agus ón bhFhrainc. Tá catalógú ar leabhair a bhaineann le healaín agus ealaíontóirí lodálach fós ar siúl, agus is é an t-ábhar is mó sa bhailiúchán. Rinneadh leabhair níos neamhchoitianta a chatalógú le linn 2016, agus mar sin is ionann líon iomlán na n-imleabhar neamhchoitianta a próiseáladh agus 510. I measc na mbuaicphointí den bhailiúchán a athniodh sa tréimhse seo bhí os cionn 70 earra a bhain le péintéir barócach Francach Nicolas Poussin (1594–1665). Bhí spéis áirithe ag Mahon i Poussin agus tá go leor de na himleabhair seo anótáilte ag an mbailitheoir.

Bhí roinnt dúshlán ann mar gheall ar shaincheisteanna caomhnaithe maidir le háit shábháilte a thabhairt don Bhailiúchán Sir Denis Mahon. Mar gheall ar éifeachtaí na ndúradán d'athchóiriú na sciathán stairiúil, tharla roinnt eachtraí tuile thar timpeall cruacha na leabharlainne agus aistríodh na leabhair neamhchoitianta de Mahon go háit shlán. Go háirithe, bhí na himleabhair le cumhdach meamraim soghonta le linn na tréimhse sin, agus mar thoradh air seo, cuireadh na hearraí soghonta i mboscaí saincheaptha chun cosaint bhreise a thabhairt ón míshocracht chomhshaoil.

For-Rochtaine & Abhcóideacht

Reáchtáladh turais do mhic léinn agus do ghrúpaí sainspéise le linn na bliana. In 2016, mar thoradh ar comhoibriú le Cairde an Ghailearaí, reáchtáladh oíche rathúil, agus táimid ag súil go mbeidh tuilleadh oíche ar nós an oíche sin sa todhchaí. Oíche le Leah Benson, Cartlannaí agus Catherine Sheridan, Leabharlannaí Cúnta, a óstáladh le haghaidh Caide an Ghailearaí Náisiúnta sa Seomra Léitheoireachta Sir Denis Mahon an 10 Samhain, ag breathnú timpeall ar Leabharlann agus Cartlann Sir Denis Mahon i gcomóradh a lá breithe an 8 Samhain 1910.

Láriónad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann

Lean an CSIA BSL ag fás agus ag forbairt mar lárstór náisiúnta faisnéise a bhaineann le healaín na hÉireann agus scaipeadh agus cur chun cinn na hamharc-ealaíona in Éirinn. Tá an Gailearaí buioch as an tacáiocht leanúnach a thugann an BSL, lena ligtear don ionad a clár poiblí agus taispeántais a reáchtáil chomh maith le tacáiocht a thabhairt do phost Comholtachta BSL. I mí Mheán Fómhair 2016, ainmníodh an chompháirtíocht BSL agus CSIA le haghaidh dámhachtain um Ghnó go hEalaín faoin 'Dámhachtain Sain-Aitheantais ó Phunann na mBreitheamh um Punann Infheistíocha'.

Léitheoirí & Cuairteoirí

Tá *The Meeting on the Turret Stairs*, an uiscedhath íocónach le Frederic William Burton mar cheann de na saothair a thaitníonn is mó le daoine sa Ghailearaí agus tharraing sé go leor daoine chuig an CSIA BSL le linn na n-amanna teoranta a bhíonn an saothar ar fáil don phobal. Cuireadh an pictiúr sa Seomra Léitheoireachta den CSIA BSL le haghaidh formhór an clár athchóirithe, rud a éascaigh figiúirí cruinne a bhailíú maidir le líon na gcuairteoirí a tháinig chun breathnú ar an bpictiúr, taifeadadh 4,816 cuairteoir le linn 2016. B'ionann líon na gcuairteanna taighde ar an seomra léitheoireachta agus 1,759 don bhliain.

Buaicphointí Na N-Éadálacha

Fuair an CSIA BSL cartlann shuntasach de níos mó ná 400 litir agus líníocht le Sir William Orpen (1878–1931) in 2016. Sa bhailiúchán iontac seo, a ceannaíodh trí Whyte's Fine Art Auctioneers i mBaile Átha Cliath (ón gclann Orpen), cuimsítear éagsúlacht shaibhir d'ábhar d'fhormhór shaol Orpen ó na blianta ina raibh sé ina mac léinn suas go dtí a bhás in 1931. Cuimsítear 200 litir mhaisithe leis an

ealaíontóir agus 200 litir lámhscribhinne chuig a bhean chéile Grace Orpen idir c.1899–1928. Cuimsítear chomh maith sceitsí agus líníochtaí críochnaithe, leabhair sceitse, grianghraif agus cuimhneacháin phearsanta eile.

Is cuid thábhachtach de shaothar ealaíonta Orpen iad na litreacha maisithe, agus leis an mbailiúchán ioimlán, tugtar léargas iontach ar shaol phearsanra suntasaí i bhforbairt chultúr na hÉireann ag túis an fichiú haois. Ní fhacthas go poiblí formhór den ábhar seo, agus ní dhearna go leor de na litreacha a dhoiciméadú nó a fhoilsíú. Tá luach taighde agus aeistéitiúil uathúil ag an ábhar seo, agus tacófar sé le taighde nua sa todhchaí ar cheann de na healaíontóirí Éireannach is tábhactaí a bhfuil tionchar mór aige.

Tá níos mó ná 360 litir ó Orpen go Evelyn St George ag an nGailearaí cheana féin, chomh maith le bailiúchán de phréintíreachtaí ola agus saothair ar pháipéar. Leis an éadáil seo, tá an Gailearaí anois mar an lárionad taighde maidir le saol de cheann de na healaíontóirí Éireannach den fichiú haois is tábhactaí a bhfuil tionchar mór aige.

Comhoibriú & Compháirtíoctaí

Chomhoibrigh an CSIA BSL ar thionscadal taispeántais agus taighde le Dánlann Chathair Bhaile Átha Cliath, The Lab, le haghaidh a gclár comórtha 2016. Tugadh cuireadh d'ealaíontóirí John Beattie agus Sabina MacMahon chun a bheith mar thúsphointe don taispeántas *Cuimhneachán 1916*, de chuid Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, chun céad bhliain d'Éirí Amach na Cásca a cheiliúradh. Ag féachaint ar smaointe leagáide agus polaitíochta bhaineann le taispeántas, iarradh ar na healaíontóirí saothar nua a chruthú, lena bpléitear rannpháirtíocht 2016 i gcultúr amhairc na comórtha. Ba iad Sheena Barrett agus Donal Maguire a choimeád an taispeántas. Fuair beirt ealaíontóir spreagadh le haghaidh a gcuid saothar ó ábhair i gCartlann Ealaíne na hÉireann de chuid an CSIA, agus d'oibrigh Beattie go díreach le Rannóg Caomhnaithe an Ghailearaí le cóireáil den 'Battle of the Boyne' le Jan Wyck, 1693 a dhoiciméadú, saothar atá á chaomhnú i gCaisleán Mhullach Íde. Taispeánadh na saothair a eascrú ón obair seo, *So Through The Singing Land He Passed* le MacMahon agus *Performing NGI.988* le Beattie i nDánlann 'The Lab', Sráid Uí Phoghlú, 24 Mártá–11 Meitheamh. I mí Bhealtaine, d'óstáil an CSIA BSL siompósiaim a bhain leis an taispeántas '1916: Images and Objects of a Foundation Myth', (19 Bealtaine i Seomra Léitheoireachta Sir Denis Mahon). Sa siompósiaim, pléadh an t-eírí amach de 1916 mar phríomh-bhunmhíotás trí ábhair, íomhánn agus cleachtadh ealaíonta a spíonadh. Thug cainteoirí ón mhínealaín, stair dearaidh, cultúr ábhair, músaemeolaíocht agus coimeádaíocht cur i láthair ar ghnéithe a bhaineann le 1916 maidir le cleachtais san am atá thart agus cleachtais reatha lena spreagtar coincheapa de mhiotas a chruthú i dtaca leis an náisiún. Thug an CSIA BSL tacáiocht don chomhdháil ollmhór 'Making Memory: material and visual culture of commemoration in Ireland since 1800'. Ghair an Dochtúir Lisa Godson (NCAD) an chomhdháil, a díríodh ar na bealaí éagsúla a ceiliúradh, samhlaíodh, péinteáladh, dealbhaíodh, coimeádadh,



tuigeadh, taifeadadh agus a léiríodh stair an náisiúin le linn dhá chéad bhliain anuas, chomh maith leis an gcaoi a ndearnadh dearmad uirthi. Reáchtáladh é ag an nGáilearaí agus sa NCAD, d'óstáil CSIA BSL dhá comhdháil lenar taispeánadh saothar an Ionaid agus rogha d'ábhar ón mbailiúchán (13, 14 Deireadh Fómhair). Chuir an Dochtúir Kathryn Milligan, Comhalta an CSIA páipéar i láthair dar dteideal 'Painting commemoration: the visual and material culture of the O'Connell Centenary, 1875' ag an gcomhdháil.

Cartlann Yeats

Tugadh ar iasacht bonn airgid Oilimpeach, a bhuaigh Jack B. Yeats i 1924 ag na cluichí i bPáras as a phictiúr *The Liffey Swim*, agus a bhonn a fuair sé as páirt a ghlaicadh sna cluichí, don Músaem CLG i bPáirc an Chrócaigh, dá dtaispeántas '*Ireland's Olympians*'. Ba é bonn Yeats an chéad bonn Oilimpeach a bronnnadh ar Éirinn tar éis di neamhspleáchas a bhaint amach, agus taispeánadh é i measc bonn agus cuimhneachán spóirt eile a bhain le rath Oilimpeach na hÉireann. In 2016, bhí earraí ón gCartlann Yeats le feiceáil sa chlár faisnéise de chuid RTÉ 'A Terrible Beauty: Culture and Revolution in Ireland', arna cur i láthair ag an Ollamh Declan Kiberd agus a craoladh an 15 Mártá.


Suíomh gréasáin & na Meáin Shóisialta

I suíomh gréasáin an Ghailearaí, a seoladh in 2010, cuimsítear os cionn 4,000 leathanach innéacsaithe agus tarraingíodh tuairim is 450,000 úsáideoir air gach bliain, agus biónn 128,000 amharc leathanaigh gach mí. Bíonn an suíomh i gcónaí ag dul i míed agus ag forbairt, agus is bealach ionrach é don Ghailearaí a thaispeántais fhairsinge, a thaispeántais iomadúla, raon leathan de chlár poiblí agus gníomhaíochtaí eile a chur os comhair an phobail. I bhfianaise athoscaithe na sciathán stáiriúla athchóirithe an bhliain seo chugainn, cuireadh i gcrích an próiseas athbhrandála in 2016. Níos tábhactaí, chun aghaidh a thabhairt ar ár lucht féachana digiteach atá ag dul i méid, chuir an Ghailearaí túis le hathfhorbairt agus athdhearadh den suíomh gréasáin. Cuireadh túis leis an soláthar den uasghrádú nó athsholáthar den Chórás Bainistíochta reatha ar an Inneachar Gréasáin agus de na seirbhísí gaolmhara do Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann. Bronnadh an conradh ar Reading Room, comhairleoireacht dhigiteach a bhfuil duaiseanna buaite aici, a bunaíodh i 1996, le hoifigí sa Ríocht Aontaithe, agus in áiteanna iomadúla san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe. Mhol siad glacadh le hardán foinse oscailte Drupal leagan 8, lena ligfear don Ghailearaí a bheith i bhfad níos neamhspleáiche i dtéarmaí an suíomh a fhorbairt sa todhchaí agus tabharfar réiteach dhigiteach níos eacnamaíche agus níos fadtéarmaí don Ghailearaí. Sa socrú nua molta déanfar an suíomh gréasáin agus CMS a óstáil go seachtrach. Seolfar an suíomh nuadhearthá go luath in 2017.

Suíomh gréasáin

In 2016, taifeadadh 517k seisiún, méadú de 21% ar 2015, agus 1.7 milliún amharc leathanaigh, méadú de 11% ar 2015.

Seisiún Grésáin 2016 v. 2015



Buaicphointí

- Cruthaíodh cuid nua chun dul leis an taispeántas *James Stephens, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus Érí Amach na Cásca* 1916. Bhí siad seo beo an 5 Feabhra agus cuimsíodh cóip de leabhar Stephens, rogha íomhánna, faisnéis bheathaisnéise agus sonraí maidir le clár na n-imeachtaí a reáchtáladh a bhfuil baint acu leis an taispeántas.
- Bhí nuacht caomhnaithe le feiceáil go rialta ar an suíomh, lena n-áirítear blaganna ar Chaomhnú '*The Battle of the Boyne*' i gCaisleán Mhulach Íde agus faisnéis maidir le caomhnú ar an taipéis Le Broquy.
- Bhí méadú leanúnach ar bhailiúcháin PODCHRAOLTAÍ an Ghailearaí ar Soundcloud.
- Bhí cuid tiomnaithe do *Creating History: Stories of Ireland in Art* beo an 6 Deireadh Fómhair. San áireamh bhí buaicphointí ón dtaispeántas, acmhainní taispeántais agus postálacha blag.

Na Codanna ar bharr

- Leonardo da Vinci: Ten Drawings from the Royal Collection* Bhí tionchar dearfach ag an taispeántas Leonardo ar líon na gcuairteoirí ar an láithreán, atá le feiceáil sa mhéadú a tháinig ar an líon i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2015.

61.7 K
seisiún

MÉADÚ DE 68% AR AN
TRÉIMHSE CHÉANNA
IN 2015

46.8 K
úsáideoir

MÉADÚ DE 62% AR AN
TRÉIMHSE CHÉANNA
IN 2015

191.2 K
amharc
leathanaigh

MÉADÚ DE 52% AR AN
TRÉIMHSE CHÉANNA
IN 2015


- Is iad na codanna ar an suíomh a thaithíonn is mó le daoine ná Cad atá ar Siúl, Cuairt a Phleanáil, Taispeántais agus Bailiúchán.

Na Meáin Shóisialta

Ba bhliain an-rathúil í 2016 ar ardán mheáin shóisialta an Ghailearaí agus tháinig méadú ar lucht féachana ar fud na ngréasán go léir:

- 62.5k leantóir ar chuntais Twitter, Instagram, agus Facebook de chuid an Ghailearaí
- 46.8k amhraic ar chainéal Youtube Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, le 78.2k nóiméid feicthe
- Éisteadh le podchraoltaí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann 3.5k uair

Fás na Meáin Shóisialta 2012–2016



I measc na mbuaicphointí bhí:

- Comhoibriú leis an nGailearaí Náisiúnta i Londain agua gailearaithe agus músaeim eile sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn san fheachtas Twitter le haghaidh deireadh seachtaine San Vailintín, lenar úsáideadh an haischlib #PaintedLovers chun saothar i mbailiúchán an Ghailearaí a aibhsíú (12 Feabhra 2016).
- Postáladh saothair Éireannacha ónár mbailiúchán ar Twitter, Instagram, agus Facebook sna laethanta roimh Lá Fhéile Pádraig, agus mar thoradh air seo, bhí ardleibhéal rannpháirtíochta ónár leantóirí ar líne i mí an Mhárta (221,000 tvuít ar an meán, méadú de 7% ar mhí na Feabhra; 6,200 postáil ar Facebook ar an meán, méadú de 22% ar mhí Feabhra).
- Glacadh páirt sa #MuseumWeek ar Twitter (28 Márta–1 Aibreán).

Comhoibrithe

Comhdháil Museum Next 18ú–20ú Aibreán

- Reáchtáladh an Chomhdháil Músaeim Next i mBaile Átha Cliath idir 18 agus 20 Aibreán 2016. Sa chomhdháil bhliantúil seo, difríodh ar thodhchaí na músaem agus ar an úsáid dhigiteach in institiúidí cultúrtha. Cuirtear smaointe nuálacha os comhair an phobail agus sheachaid daoine gairmiúla ó mhúsaeim ar fud an domhain cur i láthair spreagúil a thug ábhar machnaimh dúinn. Bhí an Gailearaí sásta a bheith mar chompháirtí ionaid sa chomhdháil in 2016. Ag comhdháil an 18 Aibreán, chláraigh os cionn 600 toscaire in Aitriam an Ghailearaí; reáchtáladh léachtaí agus seimineáir sa léachtlann agus in Uimh. 5 Sráid an Chláraigh; agus cuireadh turais ar an mbailiúchán, ar thaispeántais agus turais cúlstaítse ar an mbailiúchán priontaí agus líniochtaí, ar an leabharlann agus na cartlanna agus ar an stiúideo caomhnaithe ar fáil do na freastalaithe. I measc na n-institiúidí eile ó Bhaile Átha Cliath a raibh páirt acu sa chomhdháil bhí, IMMA, an Hugh Lane, Dáilann Chathair Bhaile Átha Cliath, an LAB, Cumann Ríoga na nÁrsaitheoirí agus Gailearaí na hEolaíochta. Leis an gcomhdháil, tugadh deis iontach ionaid agus bailiúcháin cultúrtha na príomhchathrach a chur os comhair lucht féachana ó mhúsaeim idirnáisiúnta agus ba rath iontach í do Bhaile Átha Cliath agus don Ghailearaí Náisiúnta.

Forbairt & Comhoibriú

Forbairt & Comhoibriú

Ag tacú le Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Ba mhaith linn buíochas mór a ghabháil lenár mbronntóirí, tacadóirí, Cairde agus Pátrúin uile as a dtacaíocht luachmhar i rith na bliana. Tá bhur bhflaithiúlacht fíorthábhachtach do rath leanúnach Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann. Ligeann sí dúinn ár mbailiúchán buan a neartú, ár n-obair chaomhnaithe agus oideachais a mhéadú agus feabhas a chur ar áiseanna cuairteora sa Ghailearaí. Ligeann sí dúinn freisin taispeántais náisiúnta agus idirnáisiúnta agus a ostáil agus a eagrú.



← Duais Portráid Hennesy 2016 —
Painéal Breithiúna (clé go deas):
Jackie Nickerson, físealaíontóir bunaithe
ar ghranghrafadóireacht; Adriaan
Waiboer, Ceann na mBailliúchán agus
Taighde Gemma Tipton, Cáineadh
Ealaíne, Iriseoir; Peter Murray, Stiúrthóir,
Gailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh.

In 2016, thug Key Capital tacaíocht dár dtaispeántas de dheich línlíocht ón mBailiúchán Ríoga, rud a tharraing isteach 92,000 cuairteoir. Bhíomar an-sásta chomh maith go raibh Zurich againn mar urraitheoir ar an taispeántas Vermeer atá le teacht, chomh maith le Hennessy a bhí mar urraitheoir athuair ar Dhuais Phortráide Hennessy. Táimid buioch freisin don Roinn Ealaón, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus do John and Patricia O'Brien as a gcuid tacaíochta do Creating History. D'aimsigh an Gailearaí deontas d'infheistíocht teicneolaíochta ollmhór chun feabhas a chur ar ár n-eispéireas cuairteora, lena n-áireofar gréasán de scáileán Fáiltithe agus Faisnéise, Aipeanna, lena ligfear do chuairteoirí a gcuid eispéireas féin a shaincheapadh ar a bhfóin chliste nó táblíod agus teicneolaíochta den chineál 'iBeacon'. Déanfar na moil agus scáileán dhigiteacha nua seo a rolladh amach i mí Mheithimh 2017.

Ba mhian linn buiochas a ghabháil leis na Cairde agus Pátrún in Éirinn, ár n-lar-Chairde Briotanacha athnuaithe agus Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann sna Stáit Aontaithe. Le hathoscailt sciatháin stairiúla athchóirithe an Ghailearaí atá beartaithe do 2017, táimid ag tnúth le hoibriú le níos mó cuideachtaí, fondúireachtaí agus daoine aonair, a fhéadfaidh cabhair a thabhairt do Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann maidir lena fhís spreagtha do náisiún na hÉireann.

Tacaíocht Chorparáideach & Aonair

Maoiniú Anglesea	Hennessy
Iontaobhas Carthanais Sir Denis Mahon	An Chomhairle Oidhreachta
An Roinn Ealaón, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta	Key Capital
Brian agus Susan Dickie	John agus Patricia O'Brien
BSL	Palace Acquisitions
FBD Insurance	The H.W. Wilson Foundation
	William E. Connor Foundation Inc.

Comhaltaí Corparáideacha

CRH cpt
Martin Naughton

Pátrún Ealaín na hÉireann

An tIarla Belmore	An tUasal Anne Lyons
An tUasal Mary Bowe	An tUasal Adrian Masterson
An Dochtúir Abdul agus Katherine Bulbulia	An tUasal Michael agus Gemma Maughan
An tUasal Stuart Cole	An tUasal Declan McCourt
An tUasal Mary Coman	An tUasal Eoin McGonigal
An Dochtúir John G. Cooney	An tUasal Denise Meade
An Bíocunta John Corry	Anthony agus an Dochtúir Karole Mourek
An tUasal Brian Coyle	An tUasal Carmel Naughton (Onórách)
An tUasal Eamonn agus Kay Curley	An tUasal Mark agus Mandy Nulty
An tUasal Eamonn Duffy	An tUasal Fergus O'Hagan
An tUasal Aline Finnegan	An tUasal James O'Halloran
An tUasal Maurice and Maire Foley	An tUasal Lochlann agus Brenda Quinn
An tUasal John Gerraghty	An tUasal Sonia Rogers
An tUasal Margaret Glynn	An tUasal Ken Rohan
An Dochtúir Arlene Hogan (Onórách)	An tUasal Randall agus Nuala Tierney
An tUasal Thomas Kenny	An tUasal Michael Tallon
An tUasal Fred agus Kay Krehbiel	

Friends of The National Gallery of Ireland

B'ionann Ballraíocht Chairde, ina bhfuil 33 Pátrún d'Ealaín na hÉireann, agus 1,330 duine ag deireadh mhí na Nollag 2016.

Bain na comhaltaí taitneamh as raon d'imeachtaí eisiacha laistigh den Ghailearaí agus ar fud na tíre agus thar leár araon. Ina measc, bhí léachtáí oíche le haoichtainteoirí, turais mhaidine, imeachtaí sa chúlra a reáchtáladh laistigh den Ghailearaí, turais lae ar fud na tíre agus turais siúlóide i gcathair Bhaile Átha Cliath. Leis na cainteanna Cairde a bhíonn ar siúl gach seachtain ar an gCéadaoin agus ar an Aoine, leanadh ar aghaidh le freastalaithe rialta a mhealladh agus tugadh isteach caint Chairde ar an Satharn ar bhonn míosúil. Díríodh na cainteanna seo go sainiúil ar bhailliúchán agus taispeántais an Ghailearaí, agus mealladh tuairim is 130 comhalta gach seachtain. Cuireadh ar fáil réamhléiriú eisiach do na comhaltaí le haghaidh na dtaispeántas, Leonardo da Vinci: Ten Drawings from the Royal Collection agus Creating History: Stories of Ireland in Art. Mar cheiliúradh den taispeántas Leonardo agus i gcomhar le hInstitiúid Chultúrtha na hIodáile i mBaile Átha Cliath, d'óstáil Cairde dhá cheadal, Music in the Spirit of the Renaissance leis an Woodwind Quintet as an Iodáil, Anemos, le Fruili agus Simone Vallerotonda, ón Róimh. Áiríodh leis na himeachtaí ceiliúrtha bliantúla séasúracha

Béile Chairde na Nollag in Uimh 5. Sráid Laighean Theas agus Ceolchoirm Nollag sa Wintergarden. Ba dheis í an oíche, a reáchtáladh do Phátrún i mí na Nollag, chun fáilte a chur roimh na Pátrún chuig Uimh 5 agus chun na trí phictiúr a fuarthas in 2016 trí Chiste Phátrún Ealaín na hÉireann a thaispeáint dóibh. Is iad La Fête le Micheal Farrell; Belfast, from Greencastle le Paul Henry agus Byrne's Pub le Nevill Johnson na trí shaothar a bhí ar taispeáint. Féach ar Éadálacha sa tuarascáil seo.

Bhain Comhaltaí taitneamh as dhá thuras an-speisialta le linn 2016. I gceist sa chéad turas, bhí turas a mhair cúig lá, Uncovering Mayo (12–16 Meitheamh), inar tugadh turas ar an tírdhreach uathúil atá sa chontae, chomh maith leis na radhairc chultúrtha shaibhre, agus d'fhan siad san Eastát Mount Falcon i mBéal an Átha. Ba é The Joy of Art on the French Riviera (26 Meán Fómhair–3 Deireadh Fómhair) an dara turas, inar tugadh na Cairde ar thuras a mhair ocht lá timpeall deisceart na Fraince, ag féachaint ar an togha ealaíne iontach éagsúil. Bunaithe in Nice, thug an grúpa cuairt ar St. Paul de Vence, Villefranche-sur-Mer & Beaulieu-sur-Mer, Cap Moderne & Monaco, Cagnes-sur-Mer & Antibes, Vallauris & Biot chun Leabharlann Éireannach an Bhanphriónsa Grace a fheiceáil, Eileen Gray's Villa E-1027, Villa Ephrussi de Rothschild, Renoir Museum, Picasso Museum, Chagall Museum agus Matisse Museum, a bhí i



↑ Ealaíontóir Mick O'Dea ag imeacht Cairde, RHA 15 Feabhra 2016.



↗ Key Capital (ltr): Edward Yusko, Stiúrthóir Bainistíochta, Príomhchathair; Kyran McStay, Stiúrthóir Bainistíochta Sinsearach, Príomhchathair; Conor Killeen, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Príomhchaipítel, urraitheoirí ar taispeántas Leonardo

measc roinnt de na buaicphointí. Ba í Maureen Beary Ryan a bhí i gceannas an turais agus ba í Sighle Brehagh-Lynch an príomhthreoráí.

Reáchtaladh imeachtaí éagsúla cur chun cinn le linn na bliana chun comhaltaí nua a mhealladh agus chun feasacht a chruthú maidir leis an eagraíocht. Ina measc bhí Oíche Chultúrtha, Seachtain na hOidhreachta, Open House, Arty Party, imeacht líníochta i bpáirt le No Idle Day, Creative Festival and Supper at the Castle (Caisleán Darú i bpáirt le Sheppards Irish Auction House). Tugadh cuireadh do na Cairde an tábla a roinnt le Comhairle na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta laistigh den Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, agus ba dheis iontach í feasacht a scaipeadh maidir leis an mballraíocht agus an Gailearaí é féin.

Roimh athoscailt an Ghailearaí in 2017, rinne Irene Dutilh-Fernandez suirbhé ar chomhaltaí Cairde, rinne sí staidéar ar eagraíochtaí Cairde cosúla ar fud an domhain, go háirthe an Prado i Maidrid. Chuagh Riarthóir na gCairde, Maureen Beary Ryan, ar scor tar éis 18 mbliana (30 Meitheamh 2016) ach thosaigh sí ról sealadach mar Chomhordaitheoir Turais Chairde. Ceapadh Sarah Conroy mar an Bainisteoir Cairde nua an 22 Lúnasa 2016.



↑ **BARR** Austin Mescal agus Frank X Buckley ag páirtí slán do Maureen Beary Ryan (lár), a d'éisigh as a phost i 2016 mar Riarthóir ar Chairde Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.

↑ Cairde ag dul amach, Uncovering Mayo, Meitheamh 2016.

↑ **BUN** Imeacht lae Cairde, Kilkenny: a Medieval City 8 Deireadh Fómhair 2016 — Turas Chaisleán Chill Chainnigh.

Rannpháirtíocht Phoiblí

Oideachas

Reáchtálann an Rannóg Oideachais i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann clár poiblí atá an-chruthaitheach rannpháirteach agus lena bhfreastalaítear ar gach cineál lucht féachana, aoise agus cumaís seacht lá in aghaidh na seachtaíne, 361 lá in aghaidh na bliana. Is é príomh-shainchúram na rannóige ná páirt a thabhairt don phobal leis an nGailearaí agus leis an mbailiúchán náisiúnta. I bhfeidhm ar an láithreán agus as an láithreán agus ar líne, cuireann an fhoireann bheag, speisialaithe raon leathan de ghníomhaíochtaí ar fáil le haghaidh Blianta Luatha, Leanaí agus Teaghlaigh, Múinteoirí, Scoileanna agus Daoine Óga, Aosaigh agus Foghlaimeoirí ar feadh an tSaoil, Grúpaí Pobail agus daoine aonair/grúpaí a bhfuil Riachtanais Bhreise nó Rochtana acu. In 2016 phleanáil an rannóg 3,247 imeacht agus d'fhreastail 85,914 duine orthu.

Blianta Luatha

Bhain ár ngrúpa Blianta Luatha leas i mbliana as turais a bhí dírithe ar thuismitheoirí nua, agus ceardlann chéadfach do bhabaithe. Maireann na ceardlanna céadfacha seo tuairim is 30 nóiméad, agus tá siad teoranta do 10 mbabaí ón am ar rugadh iad agus go dtí nach mbíonn siad ábalta siúlóid. Thug teagascóirí na ceardlanna agus tá taithí acu obair le babaithe agus dhírigh siad ar théamaí simplí de sholas, dath, uigeacht agus torann.

Leanaí agus Teaghlaigh

Tá béim ag an nGailearaí ar eispéisíontacha a thabhairt do leanaí agus do theaghlaigh, agus shínigh sé an forógra um Leanaí i Músaeim, mar chuid dá aidhm, ionad atá oriúnach do theaghlaigh a dhéanamh den Ghailearaí. Le linn 40 seachtain in 2016, chuireamar Ceardlanna

Dheireadh Seachtaine do Theaghlaigh ar fáil, inar cheap teagascóirí oilte ceardlann chruthaitheach i gcomhréir le roinnt téamaí éagsúla. Le linn an tsamhraidh, reáchtáladh na ceardlanna seo ar laethanta le linn na seachtaíne chun saoire na scoile a éascú. Bhí na ceardlanna lár téarma ar fad díolta agus éascaíodh do leanaí a dtaispeántas féin a phleanáil trí *Young Curators* nó béim a leagan ar na téamaí taibhsíula agus uaibhreacha maidir le hÓiche Shamhna. Le linn saoire lár téarma an fhómhair, d'óstálamar an t-údar a bhuaigh duaiseanna, Dave Rudden, scríbhneoir de *Knights of the Borrowed Dark* chun labhairt faoina leabhar, na smaointe a bhí aige, agus an bharúil faoin gcaoi a mbíonn rudaí scanrúil. In 2016, cheiliúir Saoire na Nollag um Ealaín Teaghlaigh cothrom an lae 52 bliain ó shin, agus bhí trí cheardlann shaincheaptha ar théamaí na Nollag an 28, 29 agus 30 Nollaig agus d'fhreastail 130 leanbh agus duine fásta ar an ócáid. Tráth ar bith sa bhliain, féadfaidh teaghlaigh ár bPacáistí Teaghlaigh a úsáid, ina bhfuil rianta fionnachtana, bileoga oibre, pionsailí dathadóireachta, criáin agus rialóirí.

Múinteoirí

I measc na mbealaí a fhéadfaidh múinteoirí bheith páirteach sa Ghailearaí ná turais speisialta a eagrú atá saincheaptha chun cur lena gcuid eolas ar an mbailiúchán. Thugamar tacáíocht dóibh freisin le cláir na hidirbhliana agus acmhainní in-ioslódáilte don taispeántas *Creating History: Stories of Ireland in Art*.

Scoileanna agus Daoine Óga

Is deis thábhachtach é an turas scoile do chuairteoirí óga chun teagmháil a bheith acu leis an nGailearaí. Reáchtálamar turais le haghaidh os cionn 10,000 cuairteoir

↓ D'fhoghlaím 25,000 cuairteoir fásta níos mó faoin mbailiúchán trí thuras treoraithe i 2016. Grianghraf le caoinhead Pimlico Project.



ó scoileanna ón leibhéal Montessori go dtí an Tríú Leibhéal. Roinneadh an saineolas atá sa Ghailearaí trí léachtaí, lena n-áirítear léacht ar Chaomhnú Pictiúir le haghaidh 72 mac léinn ón IADT, agus reáchtáladh ceardlanna Ardteistiméireachta i Lárionad um Staidéar ar Ealaín na HÉireann, lenar cuireadh ar fáil deis uathúil do mhic léinn féachaint ar na príomhfhaoinsí agus scileanna anailíseacha a fhorbairt. I gcomhar leis an mbéim ar an gcomóradh 1916, chuir Sinéad Rice leabhráin le chéile, ina bhfuil mionsonraí ar 8 saothar sa Bhailiúchán a bhfuil nasc le 1916 acu. Le linn tréimhse an tsamhraidh, reáchtálamar ceardlanna líníochtaí neamhfhoirmiúla chun deis a thabhairt d'ealaíontóirí uaillmhianacha cleachtadh a fháil ar líníocht bheo. Ar bhonn leanúnach, soláthraímid fearais líníochta agus scríbhneoireachta cruthaithe ionas go bhféadfaidh déagóirí agus daoine fásta iad a úsáid.

Daoine Fásta agus Foghlameoirí ar feadh an tSaoil

D'fhoghlaím 25,000 cuairteoir aosacha tuilleadh faoin mbailiúchán trí thurais threoraithe le linn na bliana. Éascaíodh cur chuige níos speisialaithe trí chlár léachta éagsúil a eagraíodh de réir théama na míosa, lena n-áirítear 'Déantóirí Nuachta agus Daoine lomráiteacha', 'Leonardo da Vinci: Ealaíontóir, Ceapadóir, Fear na hAthbheochana'. Le linn na bliana, bhí foghlameoirí aosacha in ann freastal ar laethanta staidéir ar nós *Visualising the Irish City in the Modernist Age*, agus ceardlanna líníochta faoi stiúir ealaíontóirí gairmiúla. Bhí cuairteoirí in ann freastal ar cheadail cheoil, drámaí beaga agus léiriú scannán le linn na bliana. Chuir mic léinn ó Cheol-Acadamh Ríoga na HÉireann siamsaíocht ar fáil do na sluaite a bhí ann ag am láin le linn an taispeántais de Leonardo da Vinci, agus d'fhreastail réaltaí ó *Older than Ireland* agus ó *Proclamation* ar thaispeántais speisialta den dá scannán seo.

Rannpháirtíocht Phobail & For-Rochtain

Téann an tSeirbhís um Rannpháirtíocht Phobail & For-Rochtain níos faide ná ballaí an Ghailearaí chun cláir foghlama a chur ar fáil do lucht féachana níos leithne agus níos éagsúla. Cuirtear rochtain ar fáil do ghrúpaí laistigh den phobal ar amharcealaín agus tionscadail bunaithe ar bhailiúcháin. D'fhéadfadh go leor de na rannpháirtithe sna tionscadail sin a bheith drogallach páirt a ghlacadh i gcláir phoiblí an Ghailearaí. Maoinítear na tionscadail trí mheascán d'acmhainní rannpháirtithe, daonchairdiúla agus acmhainní an Ghailearaí. Leis an gclár For-Rochtana leantar le háiseanna léachtóireachta agus teagaisc, a íocatar go príobháideach, a chur ar fáil do ghrúpaí pobail ar fud na tíre. Le linn na bliana 2016, éascaíodh 84 imeacht leis an tseirbhís ar ar fhreastail 1,667 duine. Sna himeachtaí seo, tugadh tacaíocht do dhaoine fásta a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte nó intleachtacha acu (EVE), leanaí a bhfuil riocht acu a chiorraíonn a gcuid saol (Laura Lynn), oideachas aosaigh éascaithe (TACT, Artlink, Ionad Pobail Robert Emmett). Ghlac gach ceardlann cur chuige cruthaitheach maidir le taithí fhiúntach a chur ar fáil don ghrúpa.

Rochtain

Bíonn tiomantas láidir ag an nGailearaí i gcónaí maidir le rochtain a chur ar fáil ar an mbailiúchán trí thurais atá sainoiriúnaithe. Le linn 2016, shaincheapamar turais do dhaoine a bhfuil fadhbanna éisteachta acu, don lucht lagamhairc agus do dhaoine faoi mhíchumas intleachtach, agus do dhaoine a bhfuil néaltrú acu. Forbraíodh na turais seo leis an NCBI, Scoil Mhíochaine Coláiste na Tríónóide Baile Átha Cliath agus Tacaíocht le Néaltrú Chill Mhantáin. D'fhearr taithí fhiúntach a éascú do na freastalaithe, breathnaímid ar mhodhanna a fhéadfaimid an bailiúchán a athlériú ar bhealach inrochtana. Mar shampla, tá an acmhainneacht ag an nGailearaí íomhána ón mbailiúchán a atáirgeadh ar bhorpháipéar, lena mbaintear úsáid as meaisín inmheána Zy-fuse a fuarthas in 2013. I gceist sa phróiseas de thacair thadhlaча a chruthú, déantar gnéithe den íomhá a athchruthú i rillí íseal ionas go mbeidh an cuairteoir a bhfuil lagamhairc air a bhealach timpeall na híomhá a bhrath d'fhearr a bheith ar an eos faoi cad atá léirithe. Sa bhears ar an mborpháipéar, áirítear ábhair iarbhir sna tacair. Mar chuid dár n-obair le Tacaíocht le Néaltrú Chill Mhantáin, d'oibríomar leis an ngrúpa seo chun eispéireas an turais a oriúnú do na freastalaithe. D'fhearr eispéireas níos bríomhaire a spreagadh do na rannpháirtithe, breathnaíodh go mion ar thrí phictiúr de genre éagsúil chun béim a leagan ar na difríochtaí agus chun plé a spreagadh. Tugadh an deis do rannpháirtithe am a thógáil chun breathnú ar gach pictiúr, agus ina dhiaidh sin, chuir an t-éascaitheoir sraith cheisteanna d'fhearr plé a spreagadh.

Ócáidí Speisialta

Gach bliain bíonn an Lá Líníochta Náisiúnta (21 Bealtaine 2016) ag dul i méid, ar chuir an Gailearaí túis léi in 2004, agus uair arís eile b'ócáid thrastearann í, agus ghlac 170 institiúid ar fud na tíre páirt inti. Bhí taispeántais líníochta óna healaíontóirí ar siúl i rith an lae, le healaíontóirí Comhghall Casey, Alan Daly, Vera Klute, Cian McLoughlin, agus Saoirse Wall suite ag áiteanna difriúla sa Ghailearaí, ag obair ar phortráidí agus líníochtaí beo. Eagraíodh ceardlanna Líníochta Beo Rannpháirtitheach chomh maith, le ceannasaíocht ó ealaíontóirí Fintan Mahon, Michelle Boyle, Gráinne Dowling agus Dorothy Smyth, agus seisiún teaghlaigh bunaithe ar an taispeántas Leonardo.

ÁISEANNA

Rannóg Thagartha Leabhair

I rannóg thagartha leabhair de chuid na Rannóige Oideachais, cuimsítear raon de leabhair phraiticiúla le haghaidh ball foirne agus treoraithe.

Léachtlan

Le linn na bliana 2016, úsáideadh an Léachtlan le haghaidh imeachtaí poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear imeachtaí chlár phoiblí an Ghailearaí, imeachtaí foirne agus oiliúna, cainteanna Cairde agus imeachtaí oideachais.

...raon leathan
gníomhaíochtaí do
Luathbhlianta, Leanaí
agus Teaghlaigh,
Múinteoirí, Scoileanna
agus Daoine Óga,





Daoine Fásta agus
Foghlaim ar feadh an
tSaoil, Grúpaí Pobail
agus daoine aonair le
Riachtanais Rochtana
nó Riachtanais Bhreise.

GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN



Seirbhísí Corparáideacha

Sna Seirbhísí Corparáideacha bunaíodh piléar nua riachtanach sa Struchtúr Eagraíochta in 2016

ag obair in éineacht le Bailiúcháin agus Forbairt agus
ar leibhéal straitéiseach is iad seo a leanas a sainchúram:

- Forbairt de Chreat um Rialachas Corparáideach
- Lucht saothair éifeachtach, solúbtha, eolach a chothú
- A chinntiú go bhfuil acmhainní ceart ag an nGailearaí
- Tuairisciú Pháirtithe Leasmhara
- Ullmhacht d'athoscailt an Ghailearaí a chinntiú

Cuireann Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha raon éagsúil ar fáil de sheirbhísí don Ghailearaí, agus tá sí freagrach as ceannasaíocht na ngníomhaíochtaí AD, airgeadais, TF, rialachais, oibríochtaí, seirbhísí cuairteora agus trúchtála. Le linn 2016, d'oibriugh na Seirbhísí Corparáideacha ar roinnt príomhréimsí chun cabhrú le cuspóirí an Ghailearaí a sheachadadh agus luaitear cuid de na príomhghníomhaíochtaí don bhliain sa tuarascáil. Is cuid bhunúsach d'obair Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha a bheith freagrúil do riachtanais ár bpáirtithe leasmhara éagsúla. Baintear é seo amach lenár ndaoine a thugann tacaíocht agus a spreagann lucht saothair éifeachtach leis an oilteacht chuí, de réir na n-acmhainní, córais agus próisis airgeadais chuí. Tá sé fíorthábhachtach d'oibríochtaí an Ghailearaí, a chinntiú go bhfuil na córais chearta i bhfeidhm agus go ndéantar iad seo a athbhreithniú le haird áirithe ar Airgeadas faoi láthair. In 2017, cuirfear i bhfeidhm córas airgeadais comhtháite agus na réitigh is fearr sa rang, chun rialú airgeadais teann, rochtain éasca ar fhaisnéis agus tuairisciú níos fearr a sholáthar.



Ba bhliain thar a bheith gnóthach í 2016 agus i measc na bpriomhghnionmaíochtaí sa tréimhse sin bhí na nithe seo a leanas:

- 755,577 cuairteoir a bhaint amach, méadú de 5% ar 2015
- Straitéis acmhainne nua a chur chun cinn agus cead Ranna a dhaingniú i gcomhar méadú de 40% ar líon na mball foirne
- Forbairt de Chreat um Rialachas Corparáideach
- Méadú ar theagmháil lenár Roinn maidir le PQanna, Ceadanna, Maoiniú agus ábhair Rialachais.
- Rolladh amach de thuairisciú feabhsaithe chuit ag mBord maidir le hábhair Airgeadais, Rialachais Chorparáidigh, Infheistíochtaí & Riosca
- Scéim um Fhorbairt Foirne a Dhearradh agus a Fhorbairt
- Tabhairt isteach de chóras ticéadaithe taispeántais agus córas ticéadaithe tacaíochta deisce cabhraí TF
- Maoiniú breise a dhaingniú le haghaidh na gCostas a bhaineann le Taispeántais agus Athchoimisiúnú
- Ioncam ónár n-acmhainní féin a ghiniúint de luach agus os cionn EUR 1.5m.
- Seachadadh de na sciatháin athchóirithe i mí na Nollag 2016 go dtí an OOP agus na hOibríochtaí


Bíonn ar an nGailearaí aghaidh a thabhairt fós ar dhúshláin maoinithe agus acmhainne, agus bíonn ról suntasach ag Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha, chomh maith le rannóga eile sa Ghailearaí maidir lena chinntíú go mbainimid amach cogilteasbuiséid agus ag an am céanna luach ar airgead leanúnach a chinntíú chun eispéireas cuairteora d'ardchaighdeán a sheachadadh. Déanann an Gailearaí a dhícheall d'fhoinn a chinntíú go mbímid dírithe ar sheirbhísí a sheachadadh ar an mbealach is éifeachtaí, agus deiseanna a aithint chun ioncam a chruthú agus comhoibriú inbhuanaithe agus fiúntach a fhorbairt.

Eispéireas Cuairteora

Figiúirí Freastail

B'ionann líon na gcuairsteoirí do 2016 agus 755,577, arb é méadú de 5.1% ar fhigiúirí 2015. Ba é seo an figiúr is airde a bhí ann i dtéarmaí freastal cuairteora ó 2011 ar aghaidh, agus éacht i bhfianaise an tionscadal MF atá fós ar siúl agus i bhfianaise an dúnta sa Ghailearaí in 2016. Ba é an tionchar is mó a bhí ar líon na gcuairsteoirí ná an méadú ar líon na gcuairsteoirí ó mhí Aibreáin go mí lúil agus tá sé seo mar thoradh díreach ar an taispeántas Leonardo da Vinci ar éirigh go hiontach leis agus mar gheall ar an rath a baineadh amach maidir le ranpháirtíocht na gcuairsteoirí i measc cuairteoirí bunaithe in Éirinn.

Figiúirí Cuairteoirí NGI 2009–2016




Bhí an taispeántas Turner i mí Eanáir gnóthach le 63,721 cuairteoir. Bhí mí an Mhárta agus mí Aibreáin an-ghnóthach, leis na himeachtaí a bhí ar siúl le linn deireadh seachtaine na Féile Pádraig agus Saoire na Cásca.






Eispéireas Cuairteora agus Próifíl in 2016

Sa ghraf thíos, tugtar miondealú ar an áit ar tháinig na cuairteoirí as, agus na buaicphointí timpeall mí Aibreán go dtí mí lúil agus mí Dheireadh Fómhair go mí na Samhna, ar aon dul leis na taispeántais ollmhóra in 2016.



B'ionann Leibhéal Sástachta Phoriomlána na Gcuairteoirí le Haghaidh 2016

■ Den scoth ■ Sásta ■ Míshásta



Lean Eispéireas Cuairteora air ag obair ar feadh na bliana le raon leathan de ghrúpaí agus eagraíochtaí cuairteora, lena n-áirítear 250 eagraíocht ó Scoileanna Teanga agus eagraíochtaí turasóireachta, leis an aidhm de mhéadú a chur ar líon an lucht féachana agus í a fhorbairt.

Chuir an Gailearaí fáilte roimh 2,509 cuairteoir ar an Oíche Chultúir 2016. Ar an gclár don oíche bhí turais ar na bailiúcháin, turais ar Uimh. 5 agus an Bailiúchán Sir Denis Mahon agus ceardlanna leanaí agus teaghlaigh. Chuir an Caife fíon agus tapas agus clár ceoil éagsúla ar fáil. Teigeadh tionscadal ealaíne 'Proclamation'ar an mballa lasmuigh de sciathán na Mílaoise ar Shráid an Chláraigh go dtí 11:30 in. Thug beirt ealaíontóir a raibh sa tionscadal, Nigel Rolfe agus Jasmin Chiodi taispeántas beo bunaithe ar an 'Proclamation' i sciathán na Mílaoise.

Dúirt na cuairteoirí go raibh siad sásta leis an gcead isteach sa Ghailearaí a bhí saor in aisce, na seirbhísí tacaíochta iomadúla a bhí ar fáil, an Siopa, an Caife agus na baill foirne chabhracha. Bhí cuairteoirí míshásta leis an méid teoranta de spás a bhí ar fáil

sa Ghailearaí, mar gheall ar an tionchar den MF.

Ba é mar seo a leanas próifíl na gcuairteoirí in 2016; 65% mná agus 35% fir, le 44% de chuaireoirí bunaithe in Éirinn agus 56% de chuaireoirí as tíortha thar lear. Tháinig 66% de na cuaireoirí bunaithe in Éirinn as Baile Átha Cliath. Luaign os cionn 72% de chuaireoirí gur tháinig siad le ball dár gclann, lena gcomhpháirtí nó le cara. Ba iad na réimsí ina bhfuarthas na leibhéal sástachta is airde ná na taispeántais shealadacha, an taispeántas buan, an Siopa, an Caife agus na himeachtaí teaghlaigh. Mhair cuairt ar feadh 30–60 nóiméad ar an meán. Leis an toradh, léirítéar an tionchar dearfach a bhíonn ag na taispeántais, na seirbhísí cuairteora agus na cláir um rannpháirtíochta phoiblí, rud a chur go mór leis an eispéireas cuairteora le linn an dúnta fhada de spásanna agus seomraí.

Taighde Lucht Féachana

Rinneadh taighde lucht féachana in 2016, lenar baineadh úsáid as Suirbhéanna Lucht Féachana Taispeántais, cártáí tuairime GNI, Trip Advisor agus

fóraim aiseolais eile atá ar líne agus Tionscadal Taighde Lucht Féachana. Rinne córas aiseolais an Ghailearaí athbhreithniú ar 2,524 cárta tuairime. Rinneadh athbhreithniú míosúil ar na cártaí tuairime.

Agus leis an aiseolas a bhí iontu, ligeadh don Ghailearaí feabhsúchán láithreacha a dhéanamh ar an eispéireas cuairteora. Rinneadh monatóireacht ar feadh na bliana ar aiseolas ar líne, lena n-áirítear Trip Advisor agus fóraim aiseolais eile atá ar líne. Chonacthas méadú de 50% ar líon na n-athbhreithnithe ar Trip Advisor maidir leis an nGailearaí agus an Caife. Tá rátáil 4 réalta ag an nGailearaí agus in 2016 fuarthas an Deimhniú Sármhaitheasa Clú agus Cáil, tar éis dó an Deimhniú Sármhaitheasa a bhuachan sé bhliana i ndiaidh a chéile (2011–2016). Leis na hathbhreithnithe tugtar léargas ar an eispéireas cuairteora idirnáisiúnta (Foinse TripAdvisor Aibreán 2016):

“Idir ealaontóirí nach bhfuil cáil orthu (ach ba chóir go mbeadh) agus ealaontóirí ó thíortha thar lear, agus sárshaothair ó ealaontóirí ar nós Titian agus Caravaggio, tá an músaem seo sách beag agus sách soláimhsithe i gcúpla uair. Ach, aisteach go leor go bhfuil caighdeán agus raon mó ag an mbailiúchán. Molaim go hard é.”

“Is áit iontach é le haghaidh leanáí chomh maith le daoine fásts — Tá an siopa bronntanas go hiontach... Tá turais tiomnaithe do leanáí, a bhfuil tóir orthu. Tá an caife den scoth”

Tuarascáil Taighde an Lucht Féachana, *Here and Now* arna maoiniú ag Comhairle na nEalaíon agus arna bainistiú ag Arts Audiences UK, arna heisiúint an 21 Aibreán 2016. In *Here and Now* tugadh léargas ar Lucht Féachana na nEalaíon Éireannach, ón 7 ngailearaí rannpháirteach, chomh maith le léargas agus torthaí sainiúla maidir le lucht féachana an Ghailearaí.

Le linn na bliana, dhírigh Eispéireas Cuairteora ar thionscnaimh nua agus leanúnacha chun feabhas a chur ar Thaithí Cuairteora bunaithe ar thorthaí ón taighde lucht féachana.

Taispeántas Leonardo da Vinci

Bunaídodh córas ticéadaithe saor in aisce faoi theorainn ama, le feidhm roghnach chun bronnadh a thabhairt, don taispeántas Leonardo da Vinci agus chuaigh sé beo an 20 Aibreán 2016. Leis seo, bainistíodh an toilleadh sa spás taispeántais, agus chabhraighe an córas leis an eispéireas cuairteora is fearr a chinntí agus chuir sé le sábháilteacht an bhailiúcháin a bhainistiú. B'ionann líon iomlán na gcuairteoirí agus 92,096, agus cuimsíodh 3 thicéad i ngach áirithint ar an meán. Áirithíodh 64% de na cuairteoirí ar líne, agus fuair 36% de na cuairteoirí na ticéid ar an lá. Le linn an tsuirbhé aiseolais, iarradh ar na cuairteoirí a gcuairteoirí maidir leis an gcóras áirithinte ar líne a rátáil, agus chuir 85% an ráta ‘den scoth’ nó ‘an-mhaith’ ar an eispéireas.

Rinneadh Suirbhé Aiseolais Lucht Féachana ar na cuairteoirí taispeántais go léir, agus fuarthas 2,300 suirbhé. Go príomha, aimsíodh go molfad 84% dár gcuairteoirí a tháinig go dtí an taispeántas, cuairt a thabhairt ar Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Blasanna Ealaíne

Leanadh ar aghaidh leis na hoícheanta bia agus cultúrtha um Blasanna Ealaíne in 2016 agus reáchtáladh seacht n-imeacht.

Clár Saorálaithe an Ghailearaí

Amhail an 31 Nollaig 2016, bhí 121 saorálaí sa chlár, ag cuidiú le ceithre rannóg sa Ghailearaí: Eispéireas Cuairteora, Cairde, Oideachas agus Seirbhísí Taighde. Rinneadh athbhreithniú ar an mBeartas Saorálaithe i gcaitheamh na bliana. Tugadh isteach Clár um Shaorálaithe Óga mar chlár píolótach le linn an tsamhraidh. I mí Mheithimh, reáchtáladh oiliúint ionduchtúcháin le haghaidh seachtar saorálaí óga. Bhí an clár rathúil seo sírt ar dhaltaí a raibh idir 16 agus 18 bliain d'aois agus ba é an ról d'ambasadóir sa Ghailearaí a bhí acu, ag cabhrú leis an eispéireas cuairteora.

Reáchtáladh an Measúnú Saorálaithe bliantúil le haghaidh 2015/16. Ag tráth an tsuirbhé, bhí 103 Saorálaí sa Chlár. Léiríodh leis na tortaí, go raibh 85% de na saorálaithe ar an meán sásta leis an gclár, leis an gcaidreamh a bhí acu leis na baill foirne a raibh siad ag obair leo, le baill foirne uile an Ghailearaí agus le caighdeán agus minicíocht na faisnéise a fuair siad. Léirigh siad rátáil sástachta de 72% leis an Oiliúint a cuireadh ar fáil.

An Coimisinéir Teanga

Cuireadh i gcrích an 3ú Scéim Ghaeilge (2016–2019) agus cuireadh faoi bhráid í i gcomhar faofa i mí na Samhna.

Inrochtaineacht


In 2016, lean an Gailearaí air le hathbhreithniú a dhéanamh ar inrochtaineacht a chuid seirbhísí faoi na teidil de Sheirbhísí Ardchaighdeán do Chustaiméirí, an Timpeallacht Thógtha agus seachadadh sheirbhísí an Ghailearaí tríd úsáid a bhaint as Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide.

Oibríochtaí

Le linn 2016, bhí na hOibríochtaí dírithe ar na céimeanna tógála deiridh 2 agus 3 den MF agus ar na hullmhúcháin de choimpléasc iomlán an ghailearaí, le haghaidh athoscailte na ngailearaithe stairiúla i mí Mheithimh 2017. Tharla seachadadh na sciathán athchóirithe i mí na Nollag 2016 i ndiaidh 5 bliana tógála.



↑ Amharc ar an Seomra Shaw (sciar Dargan níos ísele) tar éis an foirgneamh a aistriú i mí na Nollag.



← Sciathán Milltown
le linn athchóirithe.

Mar chuid de ghníomhaíocht shuntasach, athlonnaíodh go hiomlán an seomra rialuithe sealadach agus na córais mhonatóireachta ghaolmhara ar nós na córais CCTV, dóiteáin agus aláram ionraidh go háit shaincheaptha. Rinneadh iarfheistiú, athmhúnlú agus athmhaisiú ar sheomraí an sciathán Beit (6–10) le córas soilsithe LED d'fhoinn feabhas a chur ar a ról leanúnach mar phríomhspás taispeántais shealadaigh. Den chineál céanna, rinneadh athmhúnlú agus cuireadh feabhas ar an nGailearaí Priorita a úsáideadh mar chrios maolánach le linn an tionscadal tógála agus tá sé mar spás taispeántas caighdeánach do bhailiúchánanois. I measc na spásanna eile san fhoirgneamh a athmhaisíodh go hiomlán roimh an athoscailt, bhí an Léachtlann agus an staighre ubhchruthach sa sciathán Beit.

Fuinneamh

Leis na figiúirí, léirítear go bhfuil an Gailearaí 34.9% os cionn a fhigiúr bunlíné, 14.8% os cionn an sprioc-chonair Glide agus 2.8% os cionn sprice an Rialtais le haghaidh Comhlachtaí Poiblí do 2020.

5,460,000 kWh

DE LEICTREACHAS

2,110,000 kWh

DE BHREOSLAÍ IONTAISE


0 kWh

DE BHREOSLAÍ IN-ATHNUAITE

Bearta coigilteacha ar fhuinneamh ar tugadh fúthu in 2016

Mar a rabhthas ag súil le, tháinig méadú ar ár n-úsáid i 2016 mar gheall ar chlíomúchán na sciathán Dargan agus Milltown. Tá gá le 12 mhí eile chun analís a dhéanamh ar bhuntáistí an gléasra CHP. Leis an ualach méadaithe, cuireadh 13% lenár n-úsáid fuinnimh in 2016, ach táimid fós 14.8% os cionn ár mbunlíné le haghaidh 2016. Leanadh an Gailearaí air lena soilsíú a uasghrádú trí shoilsí LED a úsáid nuair is féidir.

Feidhmíocht Fuinnimh NGI



AD

In 2016, bhí AD freagrach as tionscadail thábhachtacha áirithe a sheachadadh sa Ghailearaí, lenar áiríodh athbhreithniú ar an struchtúr eagraíochtúil, bainistíocht d'fheachtais earcaiochta shuntasacha agus forbairt foirne.

Rinne an Gailearaí athbhreithniú ar an struchtúr eagraíochtúil, lenar cuireadh ar fáil creatlach straitéiseach don Phlean Straitéiseach 2016–2018. Rinne na hAcmhainní Daonna dul chun cinn suntasach chun an struchtúr nua seo a leabú trí phríomhphoist shinsearacha a earcú (chomh maith le sainróil eile). Ina theannta sin, seoladh feachtas earcaiochta mór i Ráithe 4 chun 36 ball foirne breise a earcú chun obair a dhéanamh mar Riarthóirí don Eispéireas Cuairteora agus mar Oifigigh Shlándála Mhúsaeim. Mar thoradh air seo, tháinig méadú de 40% ar líon na mball foirne sa Ghailearaí roimh athoscailt an Ghailearaí i mí Mheithimh 2017.

In 2016, leag an Gailearaí béim shuntasach ar, agus d'infheistigh sé, i bhforbairt na mball foirne. Eagraíodh roinnt cláir oiliúna do ghrúpaí agus do dhaoine aonair chun raon leathan de shainscileanna a fhorbairt. Rinne an Gailearaí an scéim um Breisoideachas agus Oiliúint a chuichóiriú. Leis an scéim, cuirtear fáilte roimh na baill foirne iarradh ar mhaoiniú faoi dhó sa bhliain i gcomhar cúrsáí oideachais a chuireann lena bhforbairt ghairme. Ina theannta sin, ghlac na bainisteoirí líne go léir páirt i gclár um fhorbairt bhainistíochta. Bhí sé seo mar réamhtheachtaí do chur i bhfeidhm an Chláir um Fhorbairt Foirne a seoladh i mí Eanáir 2017. Ba é an cuspóir den Chláir um Fhorbairt Foirne ná cumhacht a thabhairt do na baill foirne go léir a gcuid scileanna a fhorbairt agus/nó a gcuid gairmeacha a neartú laistigh den Ghailearaí agus den earnáil Ealaíona. Is tionscadal saincheaptha é an Clár um Fhorbairt Foirne, agus is é an chéad cheann dá leithéid san Earnáil Ealaíona in Éirinn.

TF

Ag túis na bliana, chonacthas an tsuiteáil agus coimisiúnú d'fheidhmchlár bhalla dóiteáin nua le haghaidh rochtain idirlín agus an cur i bhfeidhm d'infreastruchtúr stórála ollmhór chun tionscadal digitithe leanúnach a éascú agus chun méadú a chur ar an stóráil atá ann cheana ar an láithreán. D'fhorbair an TF deais faisnéise chun KPlanna na rannóige a chóimheas d'fhonn tuairisciú chuig an Stiúrthóir agus an Bord a éascú.

I mí Aibreáin, rinne TF seisiún anailíse gnó le héascaitheoir seachtrach chun oriúnacht Sharepoint a mheas i gcomhar na riachtanais atá ag dul i méid a chomhlíonadh maidir le hinlín don Ghailearaí uile agus i gcomhar feabhas a chur ar na próisis oibre chomhoibríocha. D'oibrigh an TF go dlúth le comhghleacaithe san Eispéireas Cuairteora chun an deasc thicéad a chruthú agus tacaíocht a thabhairt dó don taispeántas rathúil de Leonardo da Vinci.

Ba é ceann de phríomhghníomhaiochtaí TF na bliana ná deasc cabhrach a bhunú chun infheictheacht níos fearr a thabhairt maidir le saincheisteanna tacaíochta agus na réitigh a ghabhann leo. Chuaigh an córas beo i mí lúil agus rinneadh os cionn 700 ticéad tacaíochta a logáil agus cuireadh i gcrích iad faoi dheireadh na bliana.

Ag deireadh na bliana, bhí formhór am na TF tiomanta do nascacht a bhunú leis an infreastruchtúr sonraí sa sciathán stairiúil a athchóiríodh le déanaí, lena n-áirítéar bainistíocht foirgnimh, córais dóiteáin agus soilsithe.

Siopa an Ghailearaí

In ainneoin túis dheacair, ba bhliain trádála rathúil í 2016 don Siopa agus bhí an láimhdeachas agus glan-ranníocaíochtaí os cionn na spriocanna. Tháinig méadú de 10% ar dhíolachán ‘macasamhail le macasamhail’ i gcomparáid le 2015. Agus a shroichtear na céimeanna deiridh den MF, tá dúshláin fós roimh ioncam a ghiniúint mar gheall ar dhúnadh na seomraí seanré. Gníomhaíodh in aghaidh na mbacainní seo le roinnt imeachtaí tábhacthaí a mhéadaigh na ndíolachán. Bhain an siopa leas mór as an méadú ar líon na gcuaireoirí mar thoradh ar imeachtaí Comórtha 1916 éagsúla. Bhí an taispeántas a bhí i bhfócas, *James Stephens, the National Gallery of Ireland and the 1916 Rising*,ní b'fhearr ná mar a rabhthas ag súil leis agus gineadh díolacháin i ngach raon táirge a bhaineann leis. Le príomh-rannpháirtíocht an Ghailearaí i gceiliúradh comórtha na céadta bliain *Creating History: Stories of Ireland in Art*, tugadh an deis dár gcéad chomhoibriú foilsitheoireachta le Preas Acadúil na hÉireann, rud a thaispeáin taighde an Ghailearaí do lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ba é Leonardo da Vinci Ten Drawings from the Royal Collection buaicphointe tráchtala na bliana. Leis an taispeántas seo, chonacthas méadú de 30% ar an ioncam le linn míonna an tsamhraidh i gcomparáid leis an mbliaín roimhe sin, agus díoladh 3,500 catalóg agus 16,000 earra marsantachta.



↑ ESSENTIAL GUIDE: NATIONAL GALLERY OF IRELAND.

ARNA EAGARTHÓIREACHT
AG NIAMH MACNALLY

Foilsithe i 2016 ag Scala Arts & Heritage Publishers Ltd i gcomhar le Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Foilseacháin an Ghailearaí

Féilire Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, 2017

FOILSITHE I BPÁIRT LE FBD

ISBN 9781904288626

Dialann Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, 2017

COMHFHOILSITHE LE GILL BOOKS

ISBN 9780717172221

Creating History: Stories of Ireland in Art

ARNA EAGRÚ AG AN DOCHTÚIR BRENDAN ROONEY
COMHFHOILSITHE LE IRISH ACADEMIC PRESS

ISBN 9781911024286

Duais Portráide Hennessy 2016

FOILSITHE I BPÁIRT LE HENNESSY

ISBN 9781904288633

Íomhánna & Ceadúnú

Bainistíonn Íomhánna & Ceadúnú Leabharlann Phictiúir ghairmiúil an Ghailearaí le bailiúchán uathúil a bhíonn ag dul i méid d'íomhánna d'ardchaighdeán ina bhfuil grianghraif áille. Bainistíonn an rannóg an suíomh gréasáin Íomhánna tiomanta de Ghailearaí Náisiúnta, chomh maith le ceisteanna maidir le cóipcheart agus cabhair taighde pictiúr. Tá bunachar sonraí cóipchirt uathúil ag an rannóg le sonraí teagmhála le haghaidh go leor ealaíontóirí.

Íomhánna an Ghailearaí Náisiúnta [NATIONALGALLERYIMAGES.IE]

- Uaslódáladh ar Íomhánna an Ghailearaí Náisiúnta os cionn de 1,200 íomhá dhigiteach ardtaifigh arna nglacadh ag Rannóg Ghrianghrafadóireachta an Ghailearaí, rinneadh na meiteashonraí a leabú, a chatagóiriú agus eochairfhocail a dhéanamh dóibh le linn 2016.
- 76,128 seisiúin, méadú de 13.81% ar 2015
- 66,479 úsáideoir, méadú de 13.34% ar 2015
- Méadú de 42.4% ar thiontú sprice ar líne ó 2015 ar aghaidh
- Méadú de 106.91% ar úsáid ghléis mhóibíligh

Conarthaí um Maoin Intleachtúil

- Clárú agus comhdú de dheimhniú athnuachan agus trádmhairc an Ghailearaí le haghaidh an trádmhairc reatha
- Comhaontaithe Údair le haghaidh na gcatalóg taispeántais Vermeer agus *Creating History*
- Comhaontú Ceadúnaithe Louvre don chatalóg Vermeer
- Conradh foilsitheoirreachta don chatalóg Vermeer
- Comhaontú IP Taispeántas — *Sarah Pierce: Pathos of Distance*
- Conradh marsantaithe le Kelly Cards Ltd

Scannánaíocht agus Grianghrafadóireacht Ar an Láithreán

- RTÉ — *A Fanatic Heart, arna cur i láthair ag Bob Geldof*
- RTÉ — *A Terrible Beauty*, Clár Faisnéise um athbheochan Cheilteach
- Blitz Films le haghaidh TG4 — *Dogs in Art*, agallamh le Caomhán Mac Con Iomaire
- Coco TV — Féile Pádraig, Sciathán na Mílaoise & Léachtlann

- Telecom Staff Inc., An tSeapáin, Clár Faisnéise Beit Robbery *Another Story*
- Martange Productions — *Vermeer: Clár faisnéise Beyond Time*, agallamh le Adriaan Waiboer
- Grianghrafadóireacht le haghaidh Fáilte Ireland
- BBC Northern Ireland, scannánaíocht de *Kathleen Ni Houlihan*, le Laverty, le caoinchead an Banc Ceannais

Stadáin/prapaí an Ghailearaí Náisiúnta, a úsáideadh i:

- Painting the Nation*, Independent Pictures le haghaidh RTÉ
- Red Rock*, Mespil Road Productions le haghaidh TV3
- Peninsula Film *Riviera* le haghaidh Sky Atlantic
- La Vera Natura di Caravaggio*, Land Comunicazioni SRL, an Róimh
- Rebel Heart*, BBC Tuaisceart Éireann
- History of Britain*, BBC 4
- Bealoideas Beo*, TG4

Soláthar Íomhá agus Ceadúnú Ceart [LE HAGHAIDH GACH CATALÓ格 DO 2016, PREAS AGUS MARGAÍOCHT, ÚSÁID TAISPEÁNTAIS, SUÍOMH GRÉASÁIN]

- Turner ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann — athchló
- Taispeántas, catalóg agus marsantacht *Creating History*
- Taispeántas, catalóg agus marsantú Vermeer
- Taispeántas Caravaggio
- Fuíoll leanúnach ar díol le haghaidh Íomhánna an Ríomh-Mhúsaem agus an Ghailearaí Náisiúnta
- Dialann Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann

Na hÍomhána is Rathúla ó thaobh Tráchtála de le linn 2016

GRIANGHRAIF © GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

1

CARAVAGGIO →
The Taking of Christ Le coinchead an Phobail Iosánaigh, Sráid Liosain, Baile Átha Cliath, atá bufoch as flaithíulach an Dochtúir Marie Lea-Wilson, nach maireann.



2

CLAUDE LORRAIN →
Juno Confiding Io to the Care of Argus



3

DANIEL MACLISE →
The Marriage of Strongbow and Aoife



4

GEORGE BARRET →
View of Powerscourt Waterfall



5

WALTER OSBORNE →
The Lustre Jug



Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch Dé Sathairn
31 Nollaig 2016

Clár Ábhair

¹⁰⁵ Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste

¹⁰⁶ Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

¹⁰⁷ Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

¹⁰⁸ Ráiteas maidir le hIoncam & Caiteachas

¹⁰⁹ Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach

¹¹⁰ Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

¹¹¹ Ráiteas maidir le hAthruithe ar Chúlchistí
& Cuntas Caipitil

¹¹² Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid

¹¹³ Nótáí leis na Ráitis Airgeadais

¹²⁷ An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste

TUARASCÁIL LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann (an Gailearaí Náisiúnta) don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Cuimsítear sna ráitis airgeadais an ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas, an ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach, an ráiteas maidir leis an staid airgeadais, an ráiteas maidir le hathruithe i gcúlchistí agus sa chuntas caipil, an ráiteas maidir le sreafaí airgid agus na notaí gaolmhara. Ullmháodh na ráitis airgeadais san fhoirm arna forordú faoi Alt 35 den Acht, agus de réir an chleachtais cuntasáiochta a nglactar go coitianta leo.

Freagrachtaí Bhord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí

Tá an Bord freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, chun a chinntíú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é m'fhreagracht ná na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme. Déantar m'iniúchadh déanta trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus oibriúcháin. Cuirtear m'iniúchadh i gcrích i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hInniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis an gCleachtas Inniúchóireachta an Bhoird um Chaighdeáin Eiticiúil d'Inniúchóirí.

Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais

I gceist mar chuid den iniúchadh, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus an noctadh sna ráitis airgeadais, i ndóthain fianaise chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó earráide. Áirítéar leis seo measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasáiochta oiriúnach do chúinsí an Ghailearaí Náisiúnta, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar noctadh go fóntha iad.
- ar réasúntacht meastachán cuntasáiochta suntasacha a rinneadh in ullmhú na ráitis airgeadais, agus
- cur i láthair foriomlán na ráitis airgeadais.

Déanaim iarracht chomh maith fianaise a fháil mar gheall ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Bunús le tuairim chálithe maidir leis na ráitis airgeadais

Leis an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) ceanglaitear go n-ainthnítear sócmhainní oidhreachta a fhaightear nó a bhronntar sa ráiteas maidir leis an staid airgeadais.

Leis an gcaighdeán seo, ligtear do neamhaitheantas a thabhairt do shócmhainní oidhreachta i gcúinsí nuair nach mbíonn an fhainsnéis ag an aonán maidir le costas nó luach na sócmhainní oidhreachta, agus nuair nach bhféadfaidh sé an fhainsnéis seo a fháil ag costas a bhfuil ar chóimhéis le tairbhí do na húsáideoirí de na ráitis airgeadais. Ach, má fhaightear nó má bhronntar sócmhainní oidhreachta, bónn faisnéis ar fáil maidir le costas nó luach na sócmhainne.

Mar atá luaite sa bheartas cuntasáiochta ag nota 1 (k), ní aithníonn an Gailearaí Náisiúnta na sócmhainní oidhreachta sa ráiteas maidir leis an staid airgeadais de réir mar a cheanglaitear faoi FRS 102.

Níor cainníochtaíodh an éifeacht de neamh-chomhlíonadh ráitis airgeadais an Ghailearaí Náisiúnta le haghaidh 2016.

Tuairim Chálithe maidir leis na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, seachas an neamhchomhlíonadh le ceanglaís FRS 102 maidir leis na sócmhainní oidhreachta dá dtagraítear thusa:

- tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanaí agus ar staid airgeadais an Ghailearaí Náisiúnta amhail an 31 Nollaig 2016 agus ar a ioncam agus caiteachas le haghaidh 2016; agus
- ullmháodh na ráitis airgeadais de réir an chleachtais cuntasáiochta a nglactar leo go coitianta.

I mo thuairim, ba leor iad taifid chuntasáiochta an Ghailearaí Náisiúnta ionas go bhféadfaidh iniúchadh ceart gan ceist a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht na taifid chuntasáiochta.

Nithe a ndéanaim tuairisc mar eisceacht orthu

Tuairiscim de réir eisceachta mura bhfuair mé an fhainsnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, ní mó aimsí

- aon chás ábhartha ann nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nár chomhlíon na hidirbhearta na húdaráis a rialáonn iad, ní
- mura léiríonn an ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais comhlíonadh an Ghailearaí Náisiúnta leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, ní
- go bhfuil nithe ábhartha eile a bhaineann leis an tslí ina bhfuil gnó poiblí á dhéanamh.

Níl aon ní agam le tuairisc maidir leis na nithe sin um thuairisciú mar eisceacht.

Seamus McCarthy.

Seamus McCarthy

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
20 Iúil 2017

Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

DON BHЛИAIN DAR CRÍOCH DÉ SATHAIRN 31 NOLLAIG 2016

Éilítear le hAcht 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997 ar Bhord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí cuntas a ullmhú maidir le gach bliain airgeadais i cibé foirm arna faomhadh ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á ullmhú, ní mór don Bhord:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastachán atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais reatha mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann air ag feidhmiú.
- A shonrú cibé ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta cuí, faoi réir aon imeacht ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád a noctann le cruinneas réasúnta ag am ar bith a staid airgeadais a chuireann ar a chumas a chinntíú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le hAcht 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Tá an Bord freagrach chomh maith as a sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlaodh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann Bhord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí de Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:

Michael Cush
Cathaoirleach
13 Iúil 2017

Bernie Brennan
Comhalta an Bhoird
13 Iúil 2017

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

TUARASCÁIL LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Thar ceann Bord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí, admhaím ár bhfreagracht as chinntí go gcothaítear agus go gcuirtear i bhfeidhm córas éifeachtach um rialúchán inmheánach airgeadais san Údarás. Ní féidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar go bhfuil sócmhainní faoi chosaint, go bhfuil idirbhhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil cosc ar agus go mbraitear in am tráthúil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha. Is próiseas leanúnach atá i gcothabháil an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá na céimeanna seo a leanas glactha ag an mBord chun a chinntí go bhfuil timpeallacht rialaithe cuí i bhfeidhm trí:

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus tá cuntasacht ann dó.
- Tá socruthe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht sannta le haghaidh bainistíochta airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin chuí a chinntíú.
- Tá coiste iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt maidir le freagrachtaí an Bhoird a chomhlíonadh don chóras um rialú inmheánach airgeadais.

Tá creat nósanna imeachta riarracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm freisin lena n-áirítear dualgas a leithscaradh chomh maith le córas tarmligthe agus cuntasachta. Go háirithe na nithe seo a leanas:

- Tá córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a ndéanann lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú rialta air
- Tá athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsíúla agus bliantúla lena léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne meastachán
- Feidhmítear córas bainistíochta riosca laistigh den Ghailearaí
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntíú
- Tá treoirínte rialaithe cuí d'infheistíochta chaipitiúil agus smachta foirmiúla um bainistíochta tionscadail i bhfeidhm
- Déantar athbhreithniú rialta ar nósanna imeachta slándála chun an bailiúchán a chosaint
- Cinníonn an Gailearaí go ndírítear go hiomchuí ar dhea-chleachtas le linn ceannacháin agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntíú go gcloítear leis na treoirínte ábhartha go léir.

Trí na próisis thuasluaithe, deimhníم go bhfuil Bord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí sásta le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm maidir leis an mbliaín dar críoch an 31 Nollaig 2016, bunaithe ar athbhreithniú a rinne an tIníúchóir Inmheánach an 10 Samhain 2016.

Thar ceann Bhord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí de Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:

Michael Cush
Cathaoirleach
13 Iúil 2017

Bernie Brennan
Comhalta an Bhoird
13 Iúil 2017

Ráiteas maidir le hIoncam & Caiteachas

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

	NOTE	UNRESTRICTED FUNDS	RESTRICTED FUNDS	2016 TOTAL	2015 TOTAL
IONCAM		€	€	€	€
Deontas Oireachtas	2	6,777,000	868,929	7,645,929	7,837,578
Deontas Oireachtas —	2a	—	290,000	290,000	—
Costais Choimisúnaithe MF					
Ioncam ó Thabhartais		74,592	—	74,592	95,375
Ioncam ón gcaife/ócaídí		208,417	—	208,417	188,864
Ioncam ó Thaispeántais		150	—	150	56,165
Ioncam ó Oideachas	3	38,690	—	38,690	50,429
Dleachtanna		183,841	—	183,841	213,129
Ioncam ó Urraíocht/Taighde	4	260,639	601,565	862,204	443,337
Ioncam Ilghnéitheach	5	19,435	13,729	33,164	60,248
Glanioncam ó Chairde NGI	6	—	26,878	26,878	35,817
Glanioncam ón Siopa Leabhar	7	134,277	—	134,277	139,876
Ioncam lomlán		7,697,041	1,801,101	9,498,142	9,120,818
Caiteachas					
Luach saothair agus Costais Phá Eile	8	5,122,632	270,023	5,392,655	5,587,650
Taisteal & Cothú		35,907	710	36,617	46,916
Costais Slándála Oíche		413,624	—	413,624	440,917
Léachtaí & Chuairteanna		72,923	12,710	85,633	114,855
Fógraíocht		3,398	—	3,398	9,436
Árachas		23,906	—	23,906	15,094
Costais Taispeántais		316,726	1,295	318,021	185,401
Oiliúint/Oideachas		118,982	—	118,982	44,203
Costais Phostais & Teileachumarsáide		98,861	—	98,861	111,727
Costais TF		163,651	—	163,651	80,268
Priontáil, Stáiseanóireacht & Soláthairtí		93,481	6,259	99,740	113,571
Costais an áitribh		673,848	8,564	682,412	724,798
Táillí Comhairleachta/Gairmiúla		452,500	7,947	460,447	301,159
Táillí Iníúchta		28,925	—	28,925	19,075
Dímheas	11	118,149	—	118,149	110,864
Soláthairtí Caomhnaithe		—	32,831	32,831	54,810
Speansais Theagmhasacha	9	188,620	24,563	213,183	158,725
Ceannach Sócmhainní Oidhreachta	12	34,633	358,156	392,789	56,357
Caiteachas lomlán		7,960,766	723,058	8,683,824	8,175,826
Barrachas don bhliain roimh Leithreasaí		(263,725)	1,078,043	814,318	944,992
Aistriú ón gCuntas Caipítil	10	61,084	—	61,084	50,548
Gnóthachan/(caillteanas) athluachála	13	4,939	(863)	4,076	(309,485)
neamhréadaithe ar infheistíochtaí					
Gnóthachan/(caillteanas)	13	186,651	24,705	211,356	444,763
ar dhiúscairtí infheistíochta					
Ranníocaíocht do thionscadal athchóirithe		(982,000)	(464,672)	(1,446,672)	(5,500,000)
Barrachas don bhliain tar éis Leithreasaí		(993,051)	637,213	(355,838)	(4,369,182)

Tá an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus Nótá 1 go dtí 25 mar chuid de na ráitis seo.
Thar ceann na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí de Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:

Michael Cush
Cathaoirleach
13 Iúil 2017

Bernie Brennan
Comhalta an Bhoird
13 Iúil 2017

Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

NÓTA	NEAMHSHRIANTA CISTÍ	SRIANTA CISTÍ	2016	2015
			IOMLÁN	IOMLÁN
	€	€	€	€
Barrachas don bhliain tar éis Leithreasaí	(993,051)	637,213	(355,838)	(4,369,182)
Athluacháil na Maoine	11	280,000	340,000	620,000
(Caillteanas) neamhréadaithe ar aistriú airgeadra coigríche		-	(3,596)	(3,596)
Sócmhainní Seasta a aistríodh/nár caipitlíodh roimhe seo		-	-	1,704
Coigeartú ar chúlchistí Siopa Leabharlainne		(16,988)	-	(16,988)
Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain		263,012	336,404	599,416
				403,230
Ioncam Cuimsitheach iomlán don bhliain	(730,039)	973,617	243,578	(3,965,952)

GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

Tá an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus Nóta 1 go dtí 25 mar chuid de na ráitis seo.
Thar ceann na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí de Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:

Michael Cush
Cathaoirleach
13 Iúil 2017

Bernie Brennan
Comhalta an Bhoid
13 Iúil 2017

Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

AMHAIL DÉ SATHAIRN 31 NOLLAIG 2016

	NÓTA	2016	2015
		€	€
Sócmhainní Seasta			
Maoin, gléasra & trealamh	11	5,844,330	5,211,592
Sócmhainní Airgeadais	13	5,154,892	6,044,953
Sócmhainní Seasta lomlána		10,999,222	11,256,545
Sócmhainní Reatha:			
Fardal	14	357,557	230,376
Infhaigthe	16	314,897	353,202
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	15	2,336,097	2,103,652
Sócmhainní Reatha lomlána		3,008,551	2,687,230
Dliteanais Reatha: (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)			
Iníoctha	17	748,989	493,459
Ioncam iarchurtha — Deontas Rialtais	19	102,145	112,074
Ioncam iarchurtha — Eile	20	2,447,195	2,811,292
Dliteanais Reatha lomlána		3,298,329	3,416,825
Glansócmhainní Reatha		(289,778)	(729,595)
Glansócmhainní lomlána		10,709,444	10,526,950
Lena n-ionadaítear			
Cuntas Caipitil	10	289,547	350,631
Cúlchistí Neamhshrianta	21	6,980,079	7,710,118
Cúlchistí Srianta	21	3,439,818	2,466,201
Cúlchistí lomlána		10,709,444	10,526,950

Tá an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus Nótá 1 go dtí 25 mar chuid de na ráitis seo.
Thar ceann na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí de Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:

Michael Cush
Cathaoirleach
13 Iúil 2017

Bernie Brennan
Comhalta an Bhoird
13 Iúil 2017

Ráiteas maidir le hAthruithe ar Chúlchistí & Cuntas Caipitil

DON BHЛИAIN DAR CRIOCH 31 NOLLAIG 2016

NÓTA	NEAMHSHRIANTA CISTÍ		SRIANTA CISTÍ	IOMLÁN
	CUNTAS CAIPITIL	CÚLCHISTÍ	CÚLCHISTÍ	
	€	€	€	€
Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2015	409,179	9,842,271	4,300,000	14,551,450
Aistriú chuig cúlchiste srianta	-	(21,163)	21,163	-
Athaircmíú de Shócmhainní Réadmhaoine	-	2,100,000	(2,100,000)	-
Coigeartú ar Shócmhainní Seasta	(8,000)	-	-	(8,000)
Iarmhéid Oscailte Coigeartaithé 1 Eanáir 2015	401,179	11,921,108	2,221,163	14,543,450
Barrachas don bhliain tar éis leithreasaí	-	(4,470,531)	(33,929)	(4,504,460)
Ioncam Cuimsitheach Eile	-	259,541	278,967	538,508
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil	10	42,295	-	42,295
Amúchadh de Shócmhainní Seasta	10	(92,843)	-	(92,843)
Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2015	350,631	7,710,118	2,466,201	10,526,950
Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2016	350,631	7,710,118	2,466,201	10,526,950
Barrachas don bhliain tar éis leithreasaí		(993,051)	637,213	(355,838)
Ioncam Cuimsitheach Eile		263,012	336,404	599,416
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil	10	39,044	-	39,044
Amúchadh de Shócmhainní Seasta	10	(100,128)	-	(100,128)
Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2016	289,547	6,980,079	3,439,818	10,709,444

Áiríodh leis na hiarmhéideanna an 31 Nollaig 2016:

LUACH NA N-ATHLUACHÁLACHA RÉADMHAOINE:

Cúlchistí Neamhshrianta	1,586,951
Cúlchistí Srianta	2,070,128

Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

	2016	2015
	€	€
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas loncaim thar Chaiteachas	(355,838)	(4,369,182)
Dímheas agus lagú sócmhainní seasta	131,643	126,400
Sócmhainní Seasta nár caipiltíodh roimhe seo	-	1,704
Gnóthachan/(Caillteanas) ar Aistriú Airgeadra Coigríche	(3,596)	1,526
(Méadú)/Laghdú san Fhardal	(127,181)	24,445
(Méadú)/Laghdú sa Chuntas Státhchiste	-	(4,713)
(Méadú)/Laghdú in Infhála	38,305	(158,038)
Méadú/(Laghdú) in Infóchta	238,542	252,831
Ús Bainc a fuarthas	(3,464)	(15,794)
Díbhinní a fuarthas	(29,700)	(44,454)
Méadú/(Laghdú) ar Dheontas Rialtais larchurtha	(9,929)	(80,578)
Méadú/(Laghdú) ar loncam larchurtha — Eile	(364,097)	159,695
Gluaisceacht ar chuntas caipitil	(61,084)	(50,548)
<hr/>		
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(546,399)	(4,156,706)
<hr/>		
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil	(144,381)	(59,716)
Íocaíocht chun infheistíochtaí luaite a fháil	(2,342,280)	(2,302,484)
Fáltais ó dhiúscairt infheistíochtaí luaite	995,012	1,749,431
Gluaisceacht na n-iarmhéideanna airgid infheistíochta	2,452,761	1,023,876
(Gnóthachan)/caillteanas athluachála neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(4,076)	309,485
(Gnóthachan)/caillteanas ar dhiúscairtí infheistíochta	(211,356)	(444,763)
<hr/>		
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	745,680	275,829
<hr/>		
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoliniúcháin		
Ús bainc a fuarthas	3,464	15,794
Díbhinní a fuarthas	29,700	44,454
<hr/>		
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	33,164	60,248
<hr/>		
Glanmhéadú/(Laghdú) ar Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		
	232,445	(3,820,629)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail 1 Eanáir	2,103,652	5,924,281
<hr/>		
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig		
	2,336,097	2,103,652

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH DÉ SATHAIRN 31 NOLLAIG 2016

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaiochta agus bunús na mbeartas cuntasaiochta suntasach arna nglacadh ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar feadh na bliana agus le haghaidh na bliana roimhe sin.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann le hAcht Parlaiminte in 1854 agus osclaíodh don phobal é in 1864 ag Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Leagtar amach i gCuid VI den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, príomhchuspóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, atá mar seo a leanas:

- 60. — (1)** beidh sé mar fheidhm ag na Gobharnóirí agus ag na Caomhnóirí —
- a) (a) eolas ar na hamharcealaíona a mhéadú agus a scaipeadh sa Stát nó lasmuigh de, ar cibé bealach is iomchuí leo,
 - b) (a) talamh nó leas i dtalamh a dhiúscairt faoi réir thoiliú an Aire, agus diúscairt a dhéanamh ar aon réadmhaoin eile (seachas míreanna cultúrtha i mbailiúchán an Ghailearaí Náisiúnta), agus
 - c) (a) páirt a ghlaicadh i ngníomhaíochtaí ar bith chun cistí a thiomsú ar mhaithle leis an nGailearaí Náisiúnta de réir mar is cuí leo.
- (2)** Tá na feidhmeanna réamhráite sa bhreis ar aon fheidhmeanna arna mbronnadh ag na hAchtanna um Dhánlann Náisiúnta na hÉireann, 1854 go 1963 ar na Gobharnóirí agus na Caomhnóirí agus ní ina n-ionad.

Is Aonán Leasa Poiblí é Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.

b) Ráiteas Comhlíonta

Uillmhaíodh ráitis airgeadais Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann de réir an FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhmithe sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), arna fhógaírt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

c) Bunús an Ullmhúcháin

Uillmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, ach amháin sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Ealaón, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithé agus Gaeltachta, le comhthoiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Tá comhaontú leibhéal seirbhísé i bhfeidhm anois idir an Gailearaí Náisiúnta agus Roinn Ealaón, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithé agus Gaeltachta. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo i bhfeidhm go leanúnach ag déileáil le hábhair a mheastar gur ábhartha maidir le ráitis airgeadais iad.

d) Format of Financial Statements

D'fhaomh an tAire Ealaón, Oidhreachta agus Gaeltachta formáid na ráiteas airgeadais seo agus cuimsítear iontu *an Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas, an Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach, an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais, an Ráiteas maidir le hAthruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil, an Ráiteas maidir le Sreafáí Airgid agus notaí gaolmhara*. Is comhdhlúthú iad na ráitis airgeadais seo ar ghníomhaíochtaí uile Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann (An Gailearaí) agus cuimsítear iontu:—

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (AR LEAN)

Cuntas um Ioncam larchurtha (Nóta 20 &21)

Ciste Scoláireachta John Barry/ Petronella Brown	Bunaíodh an ciste seo i 1988 chun Scoláireacht a sholáthar ar mhaithle le taighde oideachais a chur chun cinn agus a spreagadh.
Comhairle Dargan	Bunaíodh an Chomhairle Dargan in 2005 chun cistí a bhailíú le mórsaothair ealaíne a cheannach a rachaidh chun tairbhe Bhailiúchán an Ghailearaí.
Ciste Comhaltachta	Bunaíodh an ciste seo trí ghníomhas i 1986 (agus leasaithe in 2005) chun ioncam a ghiniúint d'fhonn Comhaltacht a sholáthar i réimsí taighde, caomhnaithe, péintéireachta, dealbhóireachta agus chun críocha acadúla eile.
Ciste Lane	Bunaíodh an ciste seo i 1918 nuair a thiomnaigh Sir Hugh Lane cuid dá eastát do Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann go sonrach chun pictiúir Éireannacha a fháil.
Ciste Sciathán na Mílaoise	Bunaíodh an ciste seo chun tabhartais ó dhaoine príobháideacha ar mhaithle le Sciathán Mílaoise an Ghailearaí a thógáil agus lena chaiteachas gaolmhar.

Cuntas Cúlchiste (Nóta 21)

Ciste Shaw	Bunaíodh an ciste seo i 1950 nuair a fuair George Bernard Shaw bás, agus thiomnaigh sé aon trian den ioncam iarmharach dá eastát ar Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann le leathnú faoi lánrogha Bord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí.
Siopa Leabhair an Ghailearaí Náisiúnta	Trádálann na siopaí leabhar mar Rannóg Foilseachán agus Miondíola an Ghailearaí agus bunaíodh é ar dtús faoin lontaobhas Magawley Banon.
Cuntas Tabhartas	Taifeadann an cuntas seo gach idirbheart maidir le hairgead a bronnadh ar an nGailearaí agus ioncam tráchtála a gineadh lena n-áirítear scoláireachtaí, gníomhaíochtaí oideachais, ioncam ó cheadúnas bialainne agus ó shaoráidí an Ghailearaí a fháil ar cíos.
Cuntas Taispeántas	Taifeadann an cuntas seo ioncam agus caiteachas a bhaineann le Taispeántais.

Is aonáin dhlíthiúla iad seo a leanas, agus tá siad ar leithlígh ón nGailearaí, faoi theorainn ráthaíochta: (Note 20)

Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann	Bunaíodh an chuideachta seo, atá teoranta de réir ráthaíochta, i 1986 chun tacú le gníomhaíochtaí an Ghailearaí trí bhallaíocht a earcú, chun léirthuiscint do phéintéireacht, dealbhóireacht agus ailtireacht a spreagadh.
Ciste na Breataine don Ghailearaí Náisiúnta	Is carthanas atá cláraithe sa RA í an chuideachta seo, atá faoi theorainn ráthaíochta, a bunaíodh chun cistí a thiomsú chun Sciathán na Mílaoise a thógáil, agus bhronn sí Cistí freisin chun pictiúir de bhunús agus ó ré faoi leith a fháil.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (AR LEAN)

e) Formáid do Charthanais

Is carthanas cláraithe é Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (CHY2345). De réir an chleachtais atá molta le haghaidh carthanas, rinneadh anailís ar ioncam agus ar chaiteachas an Ghailearaí chun léiriú a thabhairt ar cibé an bhfuil fáil ag Bord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí orthu, agus is mar seo a leanas atá sí:

CISTÍ SRIANTA Ní fhéadfaidh an Gailearaí na cistí seo a úsáid, ach amháin i gcomhair na gcríoch sainiúil ar tugadh iad.

CISTÍ NEAMHSHRIANTA Tá na cistí seo ar fáil don Ghailearaí, i gcomhair chríoch ginearálta an Ghailearaí, de réir mar a leagtar amach sa reacthaíocht faoinar bunaíodh é.

f) Ioncam

DEONTAIS OIREACHTAIS

Cuirtear Deontas Oireachtas san áireamh ar bhonn fáltais airgid thirim. Aithnítear gach ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

DEONTAIS RIALTAIS AGUS IONCAM URRAÍOCHTA

Aithnítear Deontais Rialtais agus ioncam urraíochta a fuarthas chun críocha sonracha sa *Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas* d'fhoill iad a mheatiseáil leis an gcaiteachas dá bhfuil sé beartaithe iad a úsáid. Áirítear suimeanna nach bhfuil caite ar dháta an chláir comhardaithe in ioncam larchurtha sa *Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais*.

IONCAM ÚIS

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhraithe ag úsáid mhodha éifeachtach an ráta úis.

IONCAM DÍBHINNE

Aithnítear ioncam díbhinne ar bhonn fáltais airgid.

IONCAM EILE

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

g) Infhaigthe

Aithnítear méideanna infhaigthe ag praghas an idirbhirt, lúide soláthair in aghaidh fiach amhrasach. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar in aghaidh fiach amhrasach sa *Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas*.

h) Aitheantas do Chaiteachas

Aithnítear an caiteachas ar fad sa tréimhse lena mbaineann sé agus áirítear a leithéid de chaiteachas atá tabhairte ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe in *Iníoctha*.

i) Cuntas Caipitil

Aistrítear na deontais stáit a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach chuig an gCuntas Caipitil sa bliaín ina dtarlaíonn

an caiteachas agus léirítear é sa *Ráiteas ar hloncam agus Caiteachas* thar shaol úsáideach na sócmhainní gaolmhara.

In iarmhéid an Chuntas Caipitil, léirítear na cistí neamh-amúchta a úsáideadh chun sócmhainní seasta a fháil.

j) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Seachas atá leagtar amach thíos, luaitear maoin, gléasra agus trealamh ag a gcostas nó luacháil, lúide dímheas carntha. Ríomhtar an muirear dímheasa chun an costas nó an luacháil bhunaidh a dhíscríobh, lúide luach iarmharach measta, thar shaolré úsáideach ionchais mar seo a leanas :

Talamh & Foirgnimh	Nialas
Troscán & Feistí	10% Líne dhíreach
Trealamh & Mótarfheithicíl	20% Líne dhíreach

Cuirtear dímheas bliana iomlán i bhfeidhm i mbliaín na fála agus ní chuirtear aon dímheas i bhfeidhm i mbliaín na diúscartha, ná ar Shócmhainní i mbun Forbartha Ní dhéantar sócmhainní faoi bhun luach €1,000 a chaipitliú agus gearrtaidh iad sa *Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas*.

Tá formhór na bhfoirgneamh atá á n-áitiú ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann faoi úinéireacht agus faoi chothabháil an OOP agus dá réir sin aithnítear na foirgnimh sin i ráitis airgeadais an OOP.

Tá dhá mhaoin faoi úinéireacht an Ghailearaí—Uimh. 90 Cearnóg Mhuirfean agus Uimh. 5 Sráid Laighean Theas. Aithnítear an dá mhaoin seo sna ráitis airgeadais, agus úsáid á baint as an múnlá athluachála. Déantar athluachálacha ar bhonn bliantúil d'fhoill a chinntí nach mbíonn aon difríocht ábhartha idir an suim ghlanluacha agus an tsuim sin a ríomhtar agus úsáid á baint as an luach cóir ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Má thagann méadú ar suim ghlanluacha na sócmhainne mar thoradh ar athluacháil, aithnítear an méadú sin sa *Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach*. Má thagann laghdú ar suim ghlanluacha mar thoradh ar athluacháil, aithnítear é sa *Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach*, sa mhéid is go gcoinnítear méadú athluachála den tsócmhainn sin roimhe sin agus aithnítear aon iarmhéid sa *Ráiteas maidir le hloncam & Caiteachas*.

Ní dhímheasann an Gailearaí a gcuid foirgneamh toisc go bhfuil beartas ag an nGailearaí cothabháil agus deisiú rialta a dhéanamh sa chaoi is go gcoinnítear na foirgnimh ag an gcaighdeán feidhmíochta dar measúnaíodh é roimhe sin.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (AR LEAN)

k) Sócmhainní Oidhreachta

Sna ráitis airgeadais, ní thugtar luach mar shócmhainní ar shócmhainní oidhreachta a fuair Gailearaí Náisiúnta na hÉireann trí cheannachán, tabhartas, faoi Alt 1003 den Acht um Comhdhlúite Cánacha, 1997, nó tríd iasacht fhadtéarmach. Tá gnéithe uathúla ag sócmhainní oidhreachta an Ghailearaí toisc go bhfuil siad neamh-inchoimhthithe, sobhriste agus toisc nach féidir a gcomhshamhail a sholáthar. Dá bhí sin tá sé socraithe ag Bord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí nach bhfuil aon chuspóir áisiúil ann a chuid sócmhainní oidhreachta a chaipitliú sna ráitis seo. Mar gheall air sin, ní chloíonn na ráitis airgeadais seo le ceanglais FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA, agus in Éirinn, Alt 34.49 Sócmhainní Oidhreachta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeán Chuntasaíochta.

Aithnítear gach caiteachas ar shócmhainní Oidhreachta a fháil agus an caiteachas ar chaomhnú agus ar bhainistíocht na sócmhainní sin sa *Ráiteas ar loncam agus Caiteachas* nuair a tabhaíodh/fíocadh iad.

Tá tuilleadh eolais ar chineál agus ar scála bhailiúchán an Ghailearaí i Nóta 12.

l) Sócmhainní Airgeadais

Tá roinnt cistí ag an nGailearaí a bhaineann le méideanna ar tiomnaíodh dó agus ar tugadh mar bhrónntanas dó chun criocha sainiúla. Is iad bainisteoírí ciste eachtracha a bhainistíonn na cistí agus áirítear iad sa *Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais* ag luach an mhargaidh. Déantar na cistí a luacháil ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe agus aithnítear sa *Ráiteas maidir le loncam agus Caiteachas* na hathruithe i luach na gcistí arna mbainistiúa tharlaíonn mar gheall ar athruithe i luach an mhargaidh agus aithnítear iad mar ghnóthachain nó caillteanais neamhréadaithe. Aithnítear aon ghnóthachain nó caillteanais ar dhiúscairt na n-infheistíochtaí sa *Ráiteas maidir le loncam agus Caiteachas*.

m) Fardal

Cuimsítear san fhardal earraí le hathdhíol i siopa leabhar an Ghailearaí agus déantar iad a luacháil ag an gcostas is ísle agus ag glanluach inréadaithe. Déantar soláthar iomlán le haghaidh míreanna as feidhm agus as míreanna a bhogann go mall.

n) Airgeadraí Coigríche

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí coigríche ag na rátaí malartaithe a bhí i réim ar dháta an chláir comhardaithe. Aithnítear na difríochtaí mar thoradh ar an aistriú sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas. Déantar idirbhhearta i rith na bliana, a ainmnítear in airgeadraí coigríche, a aistriú ag na rátaí malartaithe ar dháta an idirbhírt. Tugtar cuntas ar na difríochtaí malartaithe dá bhrí sin sa *Ráiteas ar loncam agus Caiteachas*.

o) Sochair Fhostaithe

SOCHAIR GHEARRTHÉARMACHA

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha mar phá saoire mar chostas sa bhliain, agus tá sochair a achtúireadh ag deireadh na bliana san áireamh san fhigiúr Iníochta sa *Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais*.

SOCHAIR SCOIR

Tá na scéimeanna pinsin seo a leanas i bhfeidhm ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann:

An pinsean le sochar sainithe atá iníochta le státseirbhísigh bhunaithe agus le fostaithe stáit neamh-bhunaithe sa Ghailearaí, faoina bhfuil dliteanas maidir leis glactha ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Déantar na ranníocaíochtaí pinsin a asbhaintear ó fhostaithe a aisíoc leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaith agus Gaeltachta.

Scéim Pinsin Aonair Seirbhísí Poiblí ('Scéim Aonair'), ar scéim le sochar sainithe í do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Cuntais Choigiltis Scoir Pearsanta (PRSA), a fheidhmítear trí sholáthraí údaraithe PRSA.

Déanann an Gailearaí Náisiúnta ranníocaíocht suas le 7% leis an scéim agus aisíoc ar díreach leis an soláthraí PRSA ar bhonn míosúil.

p) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Thábhachtacha

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, bíonn gá le bainistíocht chun breithiúnais, meastacháin agus toimhde a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanais ar dháta an chláir comhardaithe agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam agus costais i rith na bliana. Ach, mar gheall ar an nádúr meastacháin d'fhéadfadh na toortháí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Ní dhearna an Gailearaí aon bhreithiúnais a raibh tionchar suntasach acu ar shuimeanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

DÍMHEAS AGUS LUACHANNA IARMHARACHA

Rinneadh athbhreithniú ar shaol sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara d'aicmí na sócmhainní seasta go léir agus go háirithe saolré eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha na ndaingean agus an fheistis. Baineadh de thátl as gur iomchuí iad saol na sócmhainní agus luachanna iarmharacha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (AR LEAN)

2. Deontas Oireachtas

	NEAMHSHRIANTA CISTÍ	SRIANTA CISTÍ	2016 IOMLÁN	2015 IOMLÁN
	€	€	€	€
Reatha — Ranníocaíocht le Costais Riarracháin	6,777,000	-	6,777,000	6,898,000
Caipiteal — Ranníocaíocht le hAthchóiriú, Caomhnú & Leabharlann	-	858,000	858,000	858,000
Reatha — Ranníocaíocht le Comháltacht na nÍosánach	-	1,000	1,000	1,000
Scaoileadh de dheontas don Chaomhnú, Leabharlann & Comháltacht na nÍosánach (Nóta 19)	-	9,929	9,929	80,578
	6,777,000	868,929	7,645,929	7,837,578

2. a) Deontas Oireachtas — R.E.O.G.R.T.G.¹

M.D.P. Costais Choimisiúnaithe le haghaidh foirgnimh athchóirithe	-	290,000	290,000	-
--	---	---------	---------	---

Is éard atá sa Deontas Oireachtas (Nóta 33 Fottheideal A.13) ná deontas bliantúil an Ghailearaí le haghaidh caiteachas caipitiúil agus reatha. Baineann caiteachas reatha le pá, costais oibriúcháin agus caiteachas clár. Baineann costais chaipitiúla le caiteachas ar an tionscadal athchóirithe, caomhnaithe agus leabhair leabharlainne.

¹ In 2016 fuair an Gailearaí deontas de luach EUR 290,000 ó Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gnóthai Réigiúnacha, Tuaithé agus Gaeltachta mar ranníocaíocht do chostais choimisiúnaithe an M.D.P. de luach EUR 464,672. Ina theannta sin, d'íoc an Gailearaí EUR 982,000 mar a ranníocaíocht dheireanach do chonradh tionscadal an MDP.

3. Ioncam ó Oideachas

Gintear an t-ioncam seo ó sholáthar de ranganna teagaisc agus de thurais oideachais threoraithe.

4. Ioncam ó Urraíocht/Taighde

	NEAMHSHRIANTA CISTÍ	SRIANTA CISTÍ	2016 IOMLÁN	2015 IOMLÁN
	€	€	€	€
Tionscadail Taighde Leabharlainne	-	198,052	198,052	273,527
Urraíochtaí oideachais	6,229	-	6,229	25,000
Oifig Forbartha	-	24,400	24,400	214,180
Caomhnú / Coimeádaíocht	10,000	15,000	25,000	-
Eile	244,410	-	244,410	90,326
	260,639	237,452	498,091	603,033
Iomlán a aistríodh (chuig)/ón ioncam larchurtha	-	364,113	364,113	(159,696)
	260,639	601,565	862,204	443,337

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (AR LEAN)

5. Ioncam Ilghnéitheach

	NEAMHSHRIANTA CISTÍ	SRIANTA CISTÍ	2016 IOMLÁN	2015 IOMLÁN
	€	€	€	€
Ús Bainc	2,738	726	3,464	15,794
Díbhinní	16,697	13,003	29,700	44,454
	19,435	13,729	33,164	60,248

6. Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann

	NEAMHSHRIANTA CISTÍ	SRIANTA CISTÍ	2016 IOMLÁN	2015 IOMLÁN
	€	€	€	€
Ioncam	–	151,385	151,385	140,485
Costais Oibriúcháin	–	124,507	124,507	104,668
Barrachas	–	26,878	26,878	35,817

7. Siopa Leabhar

	NEAMHSHRIANTA CISTÍ	SRIANTA CISTÍ	2016 IOMLÁN	2015 IOMLÁN
	€	€	€	€
Díolacháin/Ioncam eile	1,148,110	–	1,148,110	1,113,019
Costas na ndíolachán	583,851	–	583,851	583,690
	564,259	–	564,259	529,329
Costais Oibriúcháin ¹	429,982	–	429,982	389,453
Glanbhrabús	134,277	–	134,277	139,876

¹ Áirítear suim de EUR 8,000 leis na costais oibriúcháin maidir le Táille Iniúchta C & AG (2015: EUR 8,000)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (AR LEAN)

8. (a) Luach saothair & Costais Phá Eile

	NEAMHSHRIANTA CISTÍ	SRIANTA CISTÍ	2016 IOMLÁN	2015 IOMLÁN
	€	€	€	€
Cuimsítear i gcostais foirne:				
Pá agus tuarastail	4,442,334	245,641	4,687,975	4,884,595
ÁSPC Fostóra	437,875	24,382	462,257	461,458
Foireann Ghníomhaireachta	242,423	-	242,423	241,597
	5,122,632	270,023	5,392,655	5,587,650
Costais Foirne arna n-aicmiú in áit éigin eile (Féach ar Nótáí 6 & 7)				
Siopa Leabhar	246,389	-	246,389	272,756
Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann	-	78,547	78,547	89,931
Costais Phárolla	24,814	5,122	29,936	20,170
Costais Phinsin	2,628	2,303	4,931	6,742
Foireann Ghníomhaireachta	42,160	18,627	60,787	-
	315,991	104,599	420,590	389,599
Luach Saothair Iomlán	5,438,623	374,622	5,813,245	5,977,249

(b) Líon na bhfostaithe

LÍON NA BHFOSTAITHÉ (LENA N-ÁIRÍTEAR STIÚRTHÓIRÍ FEIDHMIÚCHÁIN) AMHAIL AN 31 NOLLAIG:

	2016	2015
	F.T.E.	F.T.E.
Foireann Oifige	76	72
Freastalaithe	45	47
	121	119

(c) Luach Saothair an Stiúrthóra

I 2016 íocadh tuarastal de €92,975 (2015 : €96,551) le Stiúrthóir an Ghailearaí. Is iad teidlíochtaí aoisliúntais an Stiúrthóra na gnáth-theidlíochtaí de scéim sochair shainithe aoisliúntais na seirbhise poiblí. I 2016 tabhaíodh speansais de €5,768. (2015: €8,075)

(d) Miondealú de shochair fostaithe

	LÍON NA BHFOSTAITHÉ	LÍON NA BHFOSTAITHÉ
RAON NA SOCHAR IOMLÁN D'FHOSTAITHE	2016	2015
Ó GO DTÍ		
€60,000	€69,999	10
€70,000	€79,999	1
€80,000	€89,999	-
€90,000	€99,999	2

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (AR LEAN)

(e) Speansais agus Tinreamh Bhaill an Bhoird le haghaidh 2016

COMHALTA AN BHOIRD	CRUINNITHE AR FREASTALAÍODH ORTHU/ CRUINNITHE INCHÁILTHE LE FREASTAL ORTHU	SPEANS AIS ÍOCTHA
An tUasal Michael Cush (CATHAOIRLEACH) ¹	3/3	–
Bernie Brennan Uas	11/11	€429
An tUasal Maurice Buckley	0/0	–
Lynda Carroll Uas	2/2	–
An tOllamh Mary Daly	7/11	–
An tUasal Matthew Dempsey (CATHAOIRLEACH) ²	9/10	€413
Margaret Glynn Uas	9/11	–
Jacqueline Hall Uas	2/2	–
An tUasal Gary Jermyn	2/2	–
An tUasal Mary Keane	10/11	–
An tUasal Fred Krehbiel	1/4	–
An tUasal Owen Lewis	1/1	–
Suzanne Macdougald Uas	11/11	€1,789
Claire McGrath Uas	8/8	–
An tUasal Stephen McKenna	7/11	–
An tUasal John O'Brien	1/7	–
An tUasal Mick O'Dea	9/11	–
Ann Prendergast Uas	1/2	–
Vivienne Roche Uas	9/11	€958
Lesley Tully Uas	1/2	–
An tUasal Barney Whelan	2/2	–

¹ Michael Cush — Cathaoirleach go dtí 4 Márta 2016 agus ó 24 Samhain 2016 ar aghaidh

² Matthew Dempsey — Cathaoirleach ó 4 Márta 2016 go dtí 24 Samhain 2016

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (AR LEAN)

9. Speansais Theagmhasacha

	NEAMHSHRIANTA CISTÍ	SRIANTA CISTÍ	2016 IOMLÁN	2015 IOMLÁN
	€	€	€	€
Speansais Éagsúla	41,642	3,472	45,114	75,299
Dámhachtainí Cúitimh	32,500	-	32,500	-
Feidhmeanna an Ghailearaí	22,962	-	22,962	17,977
Síntiúis	22,596	-	22,596	10,768
Duais Phortráide	-	19,400	19,400	20,000
(Gnóthachan) / Caillteanas Airgeadra	13,291	583	13,874	(39,294)
Iompar Pictiúr	10,008	-	10,008	11,103
Éidí	8,995	-	8,995	10,776
Foilseacháin	8,301	10	8,311	5,620
Costais Oideachais	5,170	1,294	6,464	10,825
Grianghrafníoreacht	6,041	-	6,041	7,217
Comhdhálacha & Seimineáir	5,714	25	5,739	7,277
Cúiréir & Tacsaithe	4,452	-	4,452	5,699
Speansais an Bhord	3,589	-	3,589	1,024
Íomhána & Cóipcheart	3,359	(221)	3,138	8,552
Costais Láimhseála Ealaíne	-	-	-	5,882
	188,620	24,563	213,183	158,725

GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

10. Cuntas Caipitil

	2016	2015
	€	€
Iarmhéid amhail 1 Eanáir	350,631	409,179
Coigeartú ¹	-	(8,000)
AISTRIÚ ÓN GCUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS:		
Breiseanna le Sócmhainní Seasta	39,044	42,295
Dímheas Sócmhainne	(100,128)	(92,843)
Gluaiseacht lomlán le linn na bliana	(61,084)	(50,548)
Iarmhéid Deiridh amhail 31 Nollaig	289,547	350,631

¹ Baineann an coigeartú seo le athaicmiú na sócmhainní a théann siar go dtí 2000.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (AR LEAN)

11. Maoin, Gléasra agus Trealamh

COSTAS / LUACHÁIL	TALAMH AGUS FOIRGNIMH	TREALAMH OIFIGE AGUS MÓTARFHÉITHICLÍ	TROSCÁN AGUS FEISTÍ	SÓCMHAINNÍ I MBUN FORBARTHA	IOMLÁN
	€	€	€	€	€
Amhail 1 Eanáir 2016	4,700,000	222,761	827,401	–	5,750,162
Breiseanna ³	–	33,802	5,242	107,610	146,654
Athluacháil ¹	620,000	–	–	–	620,000
Coigeartuitithe ²	–	–	(2,273)	–	(2,273)
Amhail 31 Nollaig 2016³	5,320,000	256,563	830,370	107,610	6,514,543
DÍMHÉAS	€	€	€	€	€
Amhail 1 Eanáir 2016	–	95,240	443,330	–	538,570
Muirear don bhliain	–	51,312	82,311	–	133,623
Dímheas ar Choigeartuitithe ²	–	–	(1,980)	–	(1,980)
Amhail Dé Sathairn 31 Nollaig 2016	–	146,552	523,661	–	670,213
GLANLUACH LEABHAIR	€	€	€	€	€
Amhail Dé Sathairn 31 Nollaig 2016	5,320,000	110,011	306,709	107,610	5,844,330
Amhail Dé Sathairn Déardaoin 31 Nollaig 2015	4,700,000	127,521	384,071	–	5,211,592

- 1 Rinne Suirbhéirí Cairte cálithe as na luacháilthe neamhspleácha Lambert Smith Hampton an athluacháil ar an talamh agus ar na foirgnimh. Athluacháladh na Sócmhainní go haonar an 31 Nollaig 2016 ar luach cóir comhiomlán de EUR 5,320,000. Tá siad bunaithe ar an sainiu ar Luach Margaidh mar atá sainithe i Lámhleabhar Chaighdeáin Breithmheasa agus Luachála na Suirbhéirí Cairte de chuid an Institiúid Ríoga ar bhonn Úsáid Reatha. Rinneadh an luacháil an 9 Feabhra 2017. Is le Gailearaí Náisiúnta na HÉireann na foirgnimh dá dtagraítear thusa. Is le hOifig na nOibreacha Poiblí na hoifigi agus na foirgnimh eile go léir arna n-áitiú ag an nGailearaí agus tá siad á gcothabháil ag Oifig na nOibreacha Poiblí.
- 2 Leis an gcoigeartú seo ar chostas nó luacháil agus dímheas carntha, cuirtear na sócmhainní go léir ar aon dul leis na beartais chuntasaíochta.
- 3 Baineann na sócmhainní i mbun forbártha le dhá thionscadal, FMS agus forbairt de shuíomh gréasáin nua an Ghailearaí. Tá an dá thionscadal le críochnú in 2017. Meastar gurb ionann na costais bhireise a bhaineann lena gcur i gcrích agus EUR 156,113.

MUIREAR DÍMHÉASA	NEAMHSHRIANTA CISTÍ	SRIANTA CISTÍ	2016 IOMLÁN	2015 IOMLÁN
	€	€	€	€
Gearrtha ar an gCuntas loncaim & Caiteachais:	118,149	–	118,149	110,864
Gearrtha áit éigin eile:				
Siopa Leabhar	13,814	–	13,814	15,492
Cairde	–	(320)	(320)	44
Iomlán	131,963	(320)	131,643	126,400

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (AR LEAN)

12. Sócmhainní Oidhreachta

Is é Gailearaí Náisiúnta na hÉireann mórfhoras cultúir náisiúnta na hÉireann atá tiomanta do bhailiúchán agus do chúram mínealaíne ina gcuimsítear 16,300 péintéireacht, líníocht, uisce-dhathanna, mionsamhlacha, priontaí, dealbhóireacht agus objéts d'art (míreanna ealaíne), agus breis is 100,000 imleabhar sa Leabharlann Mínealaíne. I measc shealúchais fhorleathan an fhoraístá sárshaothair chuid mhaith de na pearsa móir le rá i stair ealaín iarthar na hEorpa. Ina theannta sin, tá an bailiúchán is ionadaíoch d'Ealaín stáiriúil na hÉireann le fáil sa Ghailearaí. Tá an Gailearaí á mhaoiniú ag an Stát, agus cuirtear rochtain in aisce ar fáil don phobal 361 lá sa bhliain.

Faomhann Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí an Ghailearaí gach éadáil, seachas míreanna Leabharlainne agus ón gCartlann a fhéadfaidh an Stiúrthóir nó an Leabharlannaí a faomhadh. Déantar athbhreithniú tréimhsíúil ar bheartas Éadálacha an Ghailearaí.

Tá thart ar 140 saothar ealaíne ar taispeántas poiblí sa Ghailearaí i láthair na huaire agus tá 430 ar iasachta in áit éigin eile. Féadfaidh saothair ar pháipéar a fheiceáil ar iarratas. Tá thart ar 75% de na gailearaithe dúnta faoi láthair mar gheall ar mhór-athchóiriú.

Tá cosc ar Bhord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí aon sócmhainní oidhreachta a dhiúscairt.

13. Infheistíochtaí Luáite

	2016 IOMLÁN	2015 IOMLÁN
	€	€
Luach Margaidh amhail an 1 Eanáir	3,170,964	2,482,633
Breiseanna ag costas	2,342,280	2,302,484
Diúscairtí ag luach an mhargaidh	(995,012)	(1,749,431)
Gnóthachan/(Caillteanas) réadaithe ar dhiúscairt	211,356	444,763
Gnóthachan/(Caillteanas) neamhréadaithe ar athluacháil	4,076	(309,485)
Luach na nInfheistíochtaí Luáite amhail 31 Nollaig	4,733,664	3,170,964
Airgead tirim coinnithe mar chuid den Phunann Infheistíochta	421,228	2,873,989
Amhail an 31 Nollaig ag Luach Margaidh	5,154,892	6,044,953

Is iad Davy Stockbrokers agus Tilman Brewin Dolphin a bhainistíonn Cistí an Ghailearaí. Tá Beartas Infheistíochta an Ghailearaí faofa ag Bord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí agus déantar athbhreithniú rialta air.

14. Fardal

	2016 IOMLÁN	2015 IOMLÁN
	€	€
Stoc Trádála	357,557	230,376

Tá siopa leabhar ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ar a áitreabh. Cuimsítear san fhardal earraí a bheidh le hathdhíol sna hoibríochtaí seo. Gearradh fardal dar luach €583,851 (2015: €583,690) ar chostas na ndíolachán. Tar éis stocáireamh a dhéanamh ar an dáta tuairiscithe, bhí gá le discriobh dar luach €7,000 (2015: €8,000).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (AR LEAN)

15. Airgead tirim & coibhéisí airgid thirim

	2016 IOMLÁN	2015 IOMLÁN
	€	€
Cuntas Reatha	1,403,188	1,061,974
Cuntas Taisce	928,812	963,716
Cárta Creidmheasa	-	(122)
Mionairgead	474	612
Eile	3,623	77,472
Iomlán	2,336,097	2,103,652

16. Infhaigthe

	2016 IOMLÁN	2015 IOMLÁN
	€	€
Féichiúnaithe trádála	85,715	58,856
Féichiúnaithe eile	39,976	128,923
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	189,206	165,423
	314,897	353,202

17. Iníoctha

MÉIDEANNA ATÁ DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN

	2016 IOMLÁN	2015 IOMLÁN
	€	€
Creidiúnaithe Trádála	65,184	45,156
CBL, PSWT & ÍMAT/ÁSPC	121,051	67,198
Creidiúnaithe eile	10,082	11,390
Fabhruithe agus ioncam iarchurtha	552,672	369,715
	748,989	493,459

18. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Cuimsítear i measc phríomhphearsanra bainistíochta an Ghailearaí Náisiúnta an Stiúrthóir agus baill de Bhord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí. Áirítear sonraí maidir le tuarastal agus costais an Stiúrthóra i Nóta 8. Tar éis cinneadh a rinne an tAire Ealaón, Oidhreachta agus Gaeltachta, ní bheidh táillí boird iníoctha a thuilleadh tar éis an 28 Feabhra 2014.

Glacann an Gailearaí Náisiúnta le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ag cumhdach leasanna pearsanta bhaill an Bhoird. Sa ghnáthchúrsa gnó, féadfaidh an Gailearaí Náisiúnta socrutithe conartha a dhéanamh le haonáin ina bhfuil a bhaill den Bhord fostaithe nó a bhfuil leas acu iontu ar shlí eile. I gcás coinbhleacht leasa a d'fhéadfadh tarlú, ní fhaigheann baill an Bhoird doiciméid de chuid an Bhoird nó ní bhíonn siad rannpháirteach ar shlí eile nó ní fhreastalaíonn siad ar phlé maidir leis na hidirbhearta sin. Coinnítear clár agus tá sé ar fáil ar iarratas maidir le gach cás den sórt sin.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (AR LEAN)

19. Deontas Rialtais Iarchurtha

	2016 IOMLÁN €	2015 IOMLÁN €
Iarmhéid Tosaigh amhail 1 Eanáir	112,074	192,652
Scaoileadh de dheontas don Chaomhnú, Leabharlann & Comhalaíocht na nÍosánach (Nóta 2)	(9,929)	(80,578)
Iarmhéid Deiridh amhail 31 Nollaig	102,145	112,074

Cuimsítear san iarmhéid EUR 102,145 thuasluaithe EUR 91,659 maidir leis an gComhalaíocht Íosánach, EUR 9,751 chun saothair ealaíne a chaomhnú, EUR 735 chun leabhair agus iriseáin a cheannach.

20. Ioncam Iarchurtha — Eile

	IARMHÉID 1 EANÁIR 2016 €	GLUAISEACHT IONCAM €	GLUAISEACHT CAITEACHAS €	IARMHÉID 31 NOLLAIG 2016 €
Ciste Sciathán na Mílaoise	807,838	25,523	(5,874)	827,487
Ciste Chomhairle Dargan	585,946	—	(238,836)	347,110
Ciste na Breataine	25,189	—	(4,675)	20,514
Ciste Comhbhráithreachais	346,334	10,726	(35,938)	321,122
Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann	188,342	151,428	(201,061)	138,709
Ciste Scoláireachta John Barry/Petronella Brown	194,082	12,427	(1,560)	204,949
Ciste Lane	72,547	1,750	(2)	74,295
Ciste Maclise	23,363	—	(10)	23,353
Ciste Cartlainne Sir Denis Mahon	105,647	114,458	(111,675)	108,430
Ciste Taighde Leabharlainne AE — Decipher	87,814	—	—	87,814
Ciste Oideachais LEM	2,616	—	—	2,616
Ciste Oideachais M O P	17,606	—	(17,255)	351
Ciste Thionscadal Vermeer	6,687	—	(2,259)	4,428
Tionscadal Leabharlainne Wilson	41,385	22,294	(15,552)	48,127
Ciste Thaighde O'Neill	7,543	—	—	7,543
Tionscadal Caomhnaithe Monet	1,288	—	—	1,288
Tionscadal Caomhnaithe Spilsbury Taylor	(18)	18	—	—
Ciste Oideachais um Aosú Cruthaitheach	2,304	—	—	2,304
Tionscadal Caomhnaithe Chath na Bóinne	28,846	—	(1,330)	27,516
Duais Phortráide Hennessy	5,000	24,400	(19,400)	10,000
Ceannasaí Forbraíochta	183,771	—	(102,229)	81,542
Portráid John Rocha	—	15,000	(15,000)	—
Láirionad um Staidéar ar Ealaín na hÉireann	77,162	61,300	(30,765)	107,697
Iomlán	2,811,292	439,324	(803,421)	2,447,195

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (AR LEAN)

21. Cúlchistí	NEAMHSHRIANTA CISTÍ	SRIANTA CISTÍ	IOMLÁN 2016	IOMLÁN 2015
	€	€	€	€
Státhiste	330,480	639,818	970,298	391,912
Ciste Shaw	5,963,993	-	5,963,993	6,332,636
Siopa Leabhar	952,511	-	952,511	835,222
Taispeántais	(81,503)	-	(81,503)	24,674
Tabhartais	104,145	-	104,145	482,506
Ciste Sciathán na Mílaoise	-	2,800,000	2,800,000	2,460,000
Iarmhéid amhail 31 Nollaig	7,269,626	3,439,818	10,709,444	10,526,950

22. Máistirphlean Forbartha

I mí Eanáir 2014, cuireadh tús le tionscadal chun dá sciathán sa Ghailearaí atá níos sine, agus críochnaíodh é i mí na Nollag 2016. Thug an Gailearaí €12.1 milliún san iomlán do chostas an tionscadail seo. Is é an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta a mhaoinigh na costais bhreise in éineacht le hOifig na nOibreacaha Poiblí (OOP). Taifeadadh luach na sócmhainne i ráitis airgeadais an OOP.

23. Dliteanais Theagmhasacha

Tá an Gailearaí páirteach i roinnt agóidí dlíthiúla as a bhféadfadh dliteanais airgeadais éirí ag brath ar a dtoradh. Ní féidir méid iomlán nó uainiú na ndliteanas teagmhasach sin a mheas go cinnte ag an tráth seo ach ní dóigh go sáróidh siad €500,000 ar aon slí.

24. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais seo ar 13 Iúil 2017.

25. Bunreacht

Bunaíodh an Gailearaí Náisiúnta trí Acht Parlaiminte an 10 Lúnasa 1854. Tá Stádas Carthanais aige agus tá sé cláraithe leis na Coimisinéirí loncaim faoi CHY 2345.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Alt 12 — Ráiteas are Chleachtas Íocaíochta

- 1) Deimhníonn Gailearaí Náisiúnta na hÉireann go gcomhlíonann a chleachtais íocaíochta téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 (Acht). Chomhlíon Gailearaí Náisiúnta na hÉireann freisin téarmaí sonracha íocíochta atá áirithe i gconarthaí scríofa le soláthraithe.
- 2) Deimhníonn Gailearaí Náisiúnta na hÉireann freisin go raibh 2 íocaíocht níos ná €317 déanach trí thagairt don Achta. Ba é 0.03% an cion de na híocaíochtaí déanacha a bhí le híocaíochtaí iomlána.
- 3) Cuireadh nósanna imeachta cuntasaíochta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar sonraisc a phróiseáil go tapa agus go héifeachtúil agus dá réir sin cloíonn siad le téarmaí an Achta. In ainneoin na nósanna imeachta sin, mar thoradh ar imthosca nach bhfuil aon smacht again orthu d'fhéadfadh neamhchomhlíonadh áirithe a bheith le téarmaí an Achta.
- 4) I rith na bliana 2016, iocadh ús agus cúiteamh arbh fhiú €166 é le soláthróirí i dtaca le híocaíochtaí déanacha.

Baill foirne

amhail 31 Nollaig 2016

Baill foirne

AMHAIL 31 NOLLAIG 2016

Oifig an Stiúrthóra

STIÚRTHÓIR Sean Rainbird

Bailiúcháin & Taighde

CEANN NA MBAILIÚCHÁIN AGUS TAIGHDE

An Dochtúir Adriaan E. Waiboer

COIMEÁDAÍ EALAÍN NA HÉIREANN

An Dochtúir Brendan Rooney

COIMEÁDAÍ EALAÍN NA BREATAINNE

Adrian Le Harivel

COIMEÁDAÍ EALAÍN NUA-AIMSEARTHA

NA HEORPA

Janet McLean

COIMEÁDAÍ NA BPRIONTAÍ AGUS LÍNÍOCHTAÍ

Anne Hodge

COIMEÁDAÍ CÚNTA —

PRIONTAÍ AGUS LÍNÍOCHTAÍ

Niamh MacNally

CÚNTÓIR COIMEÁDAÍOCHTA —

CISTE COMHALTACTHA

Claire Crowley

CAOMHNÚ

CEANN CAOMHNAITHE Simone Mancini

CAOMHNÓIR CÚNTA (PHICTIÚIR AR

SHEASTÁIN EALAÍNE)

Elline von Monschaw

CAOMHNÓIRÍ PICTIÚR

Maria Canavan

Muirne Lydon

CAOMHNÓIR PÁIPÉIR

Niamh McGuinne

Rebecca DeBut

CAOMHNÓIRÍ PÁIPÉIR CÚNTA

Ewelina Bykuc

INTÉIRNEACH CAOMHNAITHE

Giulia Campagnari
(Intéirneachtaí na Comhairle Oidhreachta)

GRIANGHRAFADÓIR

Roy Hewson

GRIANGHRAFADÓIR CÚNTA

Christopher O'Toole

SEIRBHÍSÍ TAISPEÁNTAS & BAILIÚCHÁIN

CEANN NA SEIRBHÍSÍ TAISPEÁNTAS & BAILIÚCHÁIN

Kim Smit

CLÁRAITHEOIR BAILIÚCHÁIN Caroline Clarke

CÚNTÓIR DOICIMÉADAITHÉ AGUS DIGITITHE

Raffaella Lanino

OIFIGEACH TAISPEÁNTAS Susan O'Connor

LÁIMHSEÁLAÍ SINSEARACH EALAÍNE

Kevin Kelly

LÁIMHSEÁLAITHE EALAÍNE

Graham Cahill

Luke O'Callaghan

Shane Power

LEABHARLANN, CARTLANNA

& MEÁIN DHIGITEACHA

CEANN NA LEABHARLAINNE, CARTLANN & SUÍOMH GRÉASÁIN GHAILEARAÍ NÁISÍÚNTA

NA HÉIREANN

Andrea Lydon

CARTLANNÁÍ

Leah Benson

LEABHARLANNAÍ CÚNTA

Catherine Sheridan

RIARTHÓIR LÁRIONAD BSL UM STAIDÉAR

AR EALAÍN NA HÉIREANN

Dónal Maguire

COMHALTACTH LÁRIONAD BSL UM STAIDÉAR

AR EALAÍN NA HÉIREANN

An Dochtúir Kathryn Milligan

CÚNTÓIR MEÁN DIGITEACH —

SUÍOMH GRÉASÁIN

Catherine Ryan

CÚNTÓIRÍ LEABHARLAINNE

Aoife Lyons (páirtaimseartha)

Andrew Moore

Iain Wynn-Jones (páirtaimseartha)

CARTLANNNAITHE CÚNTA —

BAILIÚCHÁN SIR DENIS MAHON

Killian Downing

Lorraine McLoughlin

LEABHARLANNAÍ CÚNTA —

BAILIÚCHÁN SIR DENIS MAHON

Nicola O'Shea

Rannpháirtíocht Phoiblí

OIDEACHAS

BAINISTEOIR OIDEACHAIS Sinéad Kathy Rice

OIFIGEACH OIDEACHAIS — RIARACHÁN

Joanne Drum

OIFIGEACH OIDEACHAIS — FOR-ROCHTANA

Brina Casey

CÚNTÓIR OIDEACHAIS (PÁIRTAIMSEARTHA)

Caomhán Mac Con Iomaire

PREAS AGUS CUMARSÁID

OIFIGEACH PREASA & CUMARSÁIDE

Valerie Keogh

CÚNTÓIR PREASA AGUS CUMARSÁIDE

Emma Pearson

Seirbhísí Corparáideacha

CEANN NA SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Patricia Golden

AIRGEADAS

RIALTÓIR AIRGEADAS Vivienne Lynch

OIFIGEACH AIRGEADAS CÚNTA Kate Brown

CÚNTÓIRÍ AIRGEADAS Elaine Kistnen

Melanie Murtagh



↑ Claire Crowley, an Dr Brendan Rooney, an Dr Katy Milligan.
→ Muirne Lydon, Sinéad Rice.



RIARTHÓIR PÁROLLA/CÚNTÓIR CUNTAS

Orla Burrell

SIOPA AN GHAILEARAÍ**BAINISTEOIR SIOPA** Lydia Furlong**OIBRÍ SIOPA** David Dardis**MAOIRESOIR SIOPA** Aoife Munnely**CÚNTÓIRÍ SIOPA**

Niamh Deane

Edel Martin

CÚNTÓIRÍ SIOPA PÁRTAIMSEARTHA

Ann Marie Barrett

Leonora Ferguson

Kevin Nelson

Rosa Nutty

Siobhan O'Callaghan

Deirdre O'Neill

Julie Tyrrell

Iain Wynn-Jones

ACMHAINNÍ DAONNA**BAINISTEOIR SINSEARACH AD** Ann Travers**COMHPHÁIRTÍ AD** Maeve Hosey**FÁILTEOIR** Marianne Vicedomina**ÍOMHÁNNÁ & CEADÚNÚ****OIFIGEACH ÍOMHÁNNÁ & CEADÚNAITHE**

Marie McFeely

OIFIGEACH ÍOMHÁNNÁ**& CEADÚNAITHE CÚNTA**

Louise Morgan

CÚNTÓIR MEÁN DIGITEACH**& FOILSITHEOIREACHTA**

Sean Mooney

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE**BAINISTEOIR TF**

Niamh Gogan

OIBRÍOCHTAÍ**CEANN OIBRÍOCHTAÍ**

Christiaan Clotworthy

BAINISTEOIR ÁISEANNA CÚNTA

Tadhg Condon

BAINISTEOIR SÁBHÁILTEACHTA & SLANDÁLA

Declan Garrett

OIFIGEACH SLANDÁLA CÚNTA

Tony Walsh

MAOIRESOIRÍ SLANDÁLA

Paul Irwin

Justin Rovira Kearney

Sean Kerr

Jorg Mayr

FREASTALAITHE

Matthew Bannon

Martin Cahalan

John Corcoran

Michael Coyne

Colm Croke

Jeffrey Doyle

Paul Doyle

Sarah Fagan

Dermot Goulding

Martin Irwin

James Kavanagh

Stephen Keating

Gerard Kennedy

Michael K. Lambe

Joseph Long

Richard Macken

John McDonnell

Joseph McEneaney

Paul McGeough

Ken Nicoletti

Bernard O'Reilly

Eoin O'Sullivan

Thomas O'Sullivan

Derek Prior

Anthony Quilty

Peter Rooney

John Shaw

Tina Shone

Wayne Sugg

Joseph Tierney

Bill Vernor

Peter Vicedomina

Thomas Whelan

FREASTALAITHE SEIRBHÍSE & GLANTÓIRÍ

Alice Cadwell

Frances Donnelly

Patrick Donohoe

Richard Dudley

Marion Sherwin

FREASTALAITHE COOTHABHÁLA

Michael Carberry

David Marry

Brian McGuirk

EISPÉIREAS CUARTEORA**BAINISTEOIR EISPÉIREAS CUARTEORA**

Síle Boylan

COMHORDAITHEOIR EISPÉIREAS CUARTEORA

Barry Carroll

RIARTHÓIR EISPÉIREAS CUARTEORA

Catherine Eager

RIARTHÓIR EISPÉIREAS CUARTEORA

Kate Jameson

**Forbairt
& Comhoibriú****CEANN FORBARTHA** Luke O'Toole**OIFIGEACH FORBARTHA** Orla O'Brien**COMHORDAITHEOIR CHLÁR FORBARTHA**

Catherine Coughlan

RIARTHÓIR IMEACHTAÍ Sinéad Leahy**CAIRDE GHAILLEARÁÍ NÁSIÚNTA NA HÉIREANN****BAINISTEOIR CAIRDE**

Sarah Conroy

CÚNTÓIR RIARACHÁIN

Laura Buckley



↑ Vivienne Lynch, Ann Travers, Patricia Golden.
← LEFT Jane Brennan, Luke O'Toole. RIGHT Brina Casey, Joanne Drum.

Foilsithe in 2017 ag
Gailearaí Náisiúnta na hÉireann
Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, D02 K303

www.nationalgallery.ie

© 2017 National Gallery of Ireland
Arna thoimsú agus á ahur in eagair: NGI Press & Communications
Dearadh le WorkGroup
Aistriúchán le DCULS Translations
Clóite ag Colorman (Ireland) Ltd
ISBN 0 9031 62 768

PHOTO CREDITS

- ÍOMHÁNNA NGI Grianghraf © National Gallery of Ireland
CUMHDACH Peter Paul Rubens, *Head of a Bearded Man* NGI.2016.21
ICH.4, 8, 10, 12, 73, 84, 86, 87, 90 Grianghraf le caoinchead Pimlico Project
ICH.6, 50, 51, 92, 130 Grianghraf le caoinchead Fennell Photography
ICH.22 Blackshaw NGI.2016.3 © Estate of Basil Blackshaw, IVARO Dublin, 2017
ICH.25 Picasso NGI.2016.223 © Succession Picasso/DACS, London 2017
ICH.26, 27 F.E. McWilliam NGI.2016.4 Cóipcheart Eastáit F. E. McWilliam
ICH.29 Patrick Scott NGI.2016.6 © The Artist's Estate
ICH.49, 52, 65, 80, 130, 131 Grianghraf le caoinchead Anthony Woods Photography
ICH.70 Grianghraf le caoinchead Prudence Cumming Associates Ltd
ICH.78 Grianghraf le caoinchead Marc O' Sullivan
ICH.132 Grianghraf le caoinchead Alina Kun Gazda Photography

NATIONALGALLERY.IE

